GA 2024

20

Tuarascáil speisialta

# Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta

## Níos glaise ach níl siad ag teacht le hUaillmhianta an Aontais don aeráid agus don chomhshaol

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Clár

| | Alt |
|---|---|
| **Achoimre feidhmiúcháin** | I-VII |
| **Réamhrá** | 01-19 |
| Talmhaíocht agus an Comhaontú Glas don Eoraip | 01-07 |
| CBT a ghlasú | 08-14 |
| Príomhfhreagrachtaí | 15-16 |
| Cistiú CBT maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol | 17-19 |
| **Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta** | 20-21 |
| **Barúlacha** | 22-82 |
| Tá reachtaíocht CBT níos glaise ach ní bhaineann na Pleananna leas leordhóthanach as an acmhainneacht sin | 22-47 |
| Le hollstruchtúr glas an Rialacháin maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT, cumasaítear uaillmhian mhéadaithe chomhshaoil agus aeráide | 23-27 |
| Rinne an Coimisiún athbhreithniú forleathan ar na dréacht-Phleananna, ach níor baineadh úsáid as critéir intomhaiste chun measúnú a dhéanamh ar an uaillmhian ghlas | 28-31 |
| Thug na Ballstáit freagra ar bharúlacha uile an Choimisiúin, cé gur mhinic nár athraigh siad na Pleananna | 32-35 |
| Ar an iomlán, bhí na Pleananna a formheasadh níos glaise ach ní raibh siad mórán níos glaise | 36-45 |
| Ag freagairt d’iarrataí ó fheirmeoirí, rinne an tAontas na ceanglais choinníollachta a laghdú | 46-47 |
| Fuaireamar freisin nach bhfuil na Pleananna ailínithe go maith le cuspóirí agus spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip | 48-72 |
| Níor comhtháthaíodh spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i reachtaíocht CBT | 49-51 |
| In éagmais meastacháin chainníochtaithe, ní fhéadfadh an Coimisiún rannchuidiú na bPleananna le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a thomhas | 52-56 |
| Tá baint amach spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais ag brath den chuid is mó ar ghníomhaíochtaí lasmuigh de CBT | 57-64 |

Níor clúdaíodh roinnt príomhchleachtais talmhaíochta le haghaidh spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais go leordhóthanach sna ceithre Phlean a roghnaíodh 65-72

Tá feabhas tagtha ar an gcreat faireacháin, ach níl príomhghnéithe ann chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht ghlas CBT 73-82

Creat faireacháin simplithe, ach tá easpa soiléireachta ag baint leis na cuspóirí agus díríonn na táscairí ar aschuir seachas ar thorthaí 74-77

Tá táscairí toraidh tábhachtacha in easnamh i bPleananna áirithe, agus tá éagsúlacht mhór sna naisc le cuspóirí sonracha 78-82

Conclúidí agus moltaí 83-92

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – GAECanna agus CRBanna – comhghaol idir tréimhsí

Iarscríbhinn II – Na príomhathruithe ar cheanglais GAEC le haghaidh na gceithre Phlean inár sampla

Iarscríbhinn III – Forléargas ar an obair iniúchóireachta a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa roimhe seo

Iarscríbhinn IV – Luachanna náisiúnta le haghaidh spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais agus rannchuidiú measta na bPleananna leis na spriocanna sin a áireamh sna Pleananna

Iarscríbhinn V – Spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais agus táscairí toraidh gaolmhara

Iarscríbhinn VI – Tuairisciú ar na táscairí toraidh

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

Foireann iniúchóireachta

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** Is príomhréimse beartais de chuid an Aontais Eorpaigh é an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT), atá ag seasamh do 31 % (€378.5 mbilliún) de bhuiséad an Aontais le haghaidh 2021-2027. Chomh maith le tacaíocht ioncaim chothrom d'fheirmeoirí, slándáil bia agus slí bheatha na gceantar tuaithe a áirithiú, is é is aidhm do CBT ná tacú le cosaint an chomhshaoil agus í a neartú, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, agus gníomhú ar son na haeráide. Is é is aidhm do rialacháin nua CBT ná uaillmhian mhéadaithe chomhshaoil agus aeráide a bhaint amach.

**II** Rinneamar measúnú féachaint an bhfuil pleananna straitéiseacha CBT 2023-2027 ina mbonn fónta chun an cuspóir beartais maidir le CBT níos glaise a bhaint amach. Is é is aidhm dár dtuarascáil ná go mbeadh sí ina hacmhainn d'aon leasuithe a dhéanfar amach anseo ar na Pleananna nó d'aon athbhreithniú a dhéanfar ar rialacháin CBT, ionas gur fearr a chosnófar an aeráid agus an comhshaol.

**III** Ar an iomlán, táimid tagtha ar an gconclúid go bhfuil na Pleananna do 2023-2027 níos glaise ná mar a bhí sa tréimhse CBT roimhe seo, ach nach bhfuil siad ag teacht le huaillmhianta an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, agus go bhfuil na príomhghnéithe chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht ghlas in easnamh.

**IV** Le 'hollstruchtúr glas' an Rialacháin maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027, cumasaítear uaillmhian chomhshaoil agus aeráide níos fearr in CBT. Rinneamar measúnú ar an gcaoi ar baineadh leas as an acmhainneacht sin sna Pleananna. Rinne an Coimisiún athbhreithniú forleathan ar na dréacht-Phleananna, ach níor baineadh úsáid as critéir intomhaiste chun measúnú a dhéanamh ar an uaillmhian ghlas. Thug na ceithre Bhallstát a chlúdaíomar freagra ar bharúlacha uile an Choimisiúin, cé gur minic nach ndearna siad na moltaí ón gCoimisiún a leanúint ach go pointe áirithe nó nár thug siad míniú ach go pointe áirithe ar an gcúis a bhí acu le cloí go bunúsach lena dtogra tosaigh. Ar an iomlán, ní léiríonn na Pleananna deiridh méadú suntasach ar an uaillmhian ghlas i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin. Ina theannta sin, déanann na bearta a thug an Coimisiún isteach le déanaí mar fhreagairt ar iarrataí ó fheirmeoirí difear dá dtionchar iarbhír ar an aeráid agus ar an gcomhshaol agus, chomh maith leis sin, bíonn siad ag brath ar a mhéid a bhaineann feirmeoirí leas as scéimeanna deonacha.

**V** Fuaireamar freisin nach bhfuil na Pleananna ailínithe go maith le cuspóirí agus spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Ar an gcéad dul síos, níor comhtháthaíodh spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais i reachtaíocht CBT. Ar an dara dul síos, in éagmais meastacháin chainníochtaithe ó na Ballstáit, ní fhéadfadh an Coimisiún rannchuidiú na bPleananna le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais a thomhas – seachas an méadú ar thalamh a shaothraítear go horgánach. Ar an tríú dul síos, léiríonn ár n-anailís go mbíonn baint amach spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais ag brath den chuid is mó ar ghníomhaíochtaí atá beartaithe lasmuigh de CBT. Ar an gceathrú dul síos, cé go n-áirítear sna Pleananna roinnt príomhchleachtais talmhaíochta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhadtéarmacha aeráide agus chomhshaoil, níor clúdaíodh roinnt príomhchleachtas eile go leordhóthanach sna Pleananna roghnaithe.

**VI** Cé gur simplíodh an creat faireacháin nua, tá easpa soiléireachta i gcuspóirí CBT, agus bíonn táscairí ag díriú ar aschuir seachas ar thorthaí. Tá táscairí toraidh tábhachtacha in easnamh i roinnt Pleananna, agus tá éagsúlacht sna naisc a leagann na Ballstáit síos idir táscairí toraidh agus cuspóirí. Fágann na saincheisteanna sin go mbeidh sé dúshlánach léiriú a thabhairt ar a mbeidh bainte amach ag CBT le linn thréimhse 2023-2027.

**VII** Molaimid gur cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- malartuithe dea-chleachtais 'ghlasa' a chur chun cinn sna Pleananna;
- meastachán a dhéanamh ar rannchuidiú CBT le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais;
- creat faireacháin CBT don aeráid agus don chomhshaol a bheidh ann amach anseo a neartú.


# Réamhrá

## Talmhaíocht agus an Comhaontú Glas don Eoraip

**01** Tá an talmhaíocht ríthábhachtach chun slándáil bia a áirithiú, agus tá sí ríthábhachtach do gheilleagair na gceantar tuaithe. Mar sin féin, cé go gcuireann an talmhaíocht na tairbhí sin ar fáil, tá tionchar suntasach aici ar an aeráid agus ar an gcomhshaol. Mar gheall ar an athrú atá ag teacht ar an aeráid agus ar dhálaí millteanacha aimsire atá ag éirí níos measa, ní mór d'fheirmeoirí freisin a gcleachtais a chur in oiriúint do na dálaí sin.

**02** Tá an earnáil ag seasamh do 13.1 % d'astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa (GCT) AE-27. Eascraíonn níos mó ná leath de na hastaíochtaí sin as meatán a astaítear ó earnáil an bheostoic, 31 % as leasacháin agus aoileach agus 11 % mar thoradh ar athruithe ar úsáid talún (féach ***Fíor 1***).

### Fíor 1 – Glanastaíochtaí GCT AE-27 ón talmhaíocht in 2021




**Meatán ($CH_4$) den chuid is mó ó**
- díleá beatha ag eallach agus caoirigh
- aoileach eallaigh agus muice a stóráil


**Ocsaíd nítriúil ($N_2O$) den chuid is mó ó**
- leasachán ceimiceach a úsáid
- aoileach a chuirtear amach nó a thagann díreach ó eallach féaraigh

**Dé-ocsaíd charbóin (CO2) den chuid is mó ó**
- saothrú ithreacha orgánacha draenáilte (talamh portaigh)
- ceapadh carbóin ar fhéarthailte agus ar thalamh curaíochta

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhardail ceaptha teasa AE-27 in 2021 (Breathnóir sonraí gás ceaptha teasa na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA)).

**03** Léiríonn astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht treocht fhadtéarmach atá ag laghdú go mall, go príomha mar gheall ar laghdú ar úsáid leasachán agus ar líon an bheostoic. Tar éis titim ghasta 15.3 % idir 1990 agus 1995, áfach, níor tháinig ach laghdú 15.9 % ar astaíochtaí sna 26 bliana ina dhiaidh sin (féach ***Fíor 2***).

## Fíor 2 – Glanastaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht in AE-27, 1990-2021





*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhardail GCT AE-27 1990-2021 (Breathnóir sonraí gás ceaptha teasa na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil).

**04** Beidh tionchar díreach ag an athrú aeráide ar tháirgeadh talmhaíochta. Beidh tionchar ag dálaí millteanacha aimsire, amhail triomaigh, ar tháirgeacht barr. In 2018, mheas an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) go bhféadfadh tionchar foriomlán an athraithe aeráide an t-ioncam talmhaíochta iomlán a laghdú 16 %, le héagsúlachtaí móra réigiúnacha ann.

**05** Sa tuarascáil is déanaí uaithi ar Staid an Chomhshaoil, fuair an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) go bhfuil diansaothrú talmhaíochta fós ar cheann de na príomhchúiseanna le cailliúint bithéagsúlachta agus díghrádú éiceachórais san Eoraip, in éineacht le dianbhainistiú foraoisí, tréigean talún agus sraoilleáil uirbeach. Thuairiscíomar roimhe seo i dTuarascáil speisialta 13/2020 a d’eisíomar go bhfuil go leor áiteanna san Eoraip ina mbíodh tírdhreacha a bhíodh éagsúil roimhe seo le go leor páirceanna agus gnáthóga beaga agus go bhfuil siad sin athraithe ó bhonn ag

diansaothrú agus iad anois ina dtír-raon aonfhoirmeach gan bhriseadh a bhíonn á mbainistiú le meaisíní móra agus lucht saothair an-laghdaithe (féach ***Fíor 3***).

## Fíor 3 – Laghdú ar bhithéagsúlacht talún feirme mar gheall ar dhiansaothrú ar úsáid talún





*Foinse:* Tuarascáil Speisialta 13/2020.

**06** I Nollaig 2019, ghlac an Coimisiún a Theachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, straitéis fáis de chuid an Aontais arb é is aidhm di an tAontas a dhéanamh aeráidneodrach faoi 2050, agus cailliúint na bithéagsúlachta agus an truailliú a chomhrac ar bhealach cothrom agus cuimsitheach. I mBealtaine 2020, ghlac an Coimisiún dhá straitéis ghaolmhara: an 'Straitéis Bhithéagsúlachta' chun an bhithéagsúlacht a chur 'ar shlí an téarnaimh faoi 2030' agus an straitéis ar a dtugtar 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' chun córas bia inbhuanaithe a chur chun cinn.

**07** Leagtar síos leis na straitéisí sin spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais atá le baint amach faoi 2030, lena n-áirítear roinnt spriocanna comhshaoil atá ábhartha don talmhaíocht: an méadú ar thalamh a shaothraítear go horgánach, an laghdú ar chaillteanas cothaitheach in uisce truaillithe, chomh maith le húsáid agus riosca lotnaidicídí, agus gnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta a chosaint. In Iúil 2021, sainíodh sa Dlí Aeráide an bealach chun aeráidneodracht a bhaint amach, agus leagadh síos sprioc an Chomhaontaithe Ghlais don aeráid maidir le glanastaíochtaí GCT a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990 (féach ***Fíor 4***). I Meitheamh 2022, d'eisigh an Coimisiún togra trína ndéanfaí an sprioc maidir le laghdú lotnaidicídí sa Chomhaontú a achtú i reachtaíocht, ach tharraing sé siar an togra i Márta 2024 mar go raibh an chosúlacht air go ndiúltófaí dó sin sa phróiseas reachtach.

### Fíor 4 – Spriocanna aeráide agus comhshaoil an Chomhaontaithe Ghlais atá ábhartha don talmhaíocht




*Foinse:* CIE, bunaithe ar an straitéis dar teideal 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', ar an Straitéis Bhithéagsúlachta le haghaidh 2030 agus ar an Dlí Aeráide Eorpach.

## CBT a ghlasú

**08** Is príomhréimse beartais de chuid an Aontais Eorpaigh é an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT), atá ag seasamh do 31 % (€378.5 mbilliún) de bhuiséad an Aontais le haghaidh 2021-2027. Rinneadh roinnt athchóirithe ar CBT le roinnt deicheanna de bhlianta anuas chun cuidiú leis an talmhaíocht san Aontas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua, amhail an t-athrú aeráide, úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, agus forbairt limistéar tuaithe.


**09** Glacadh an t-athchóiriú is déanaí ar CBT an 2 Nollaig 2021 (féach ***Fíor 5***) leis an Rialachán[1] maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT ('Rialachán CSP'), leis an Rialachán maidir le bainistiú CBT[2] agus leis an Rialachán lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta[3], (a dtagraítear dóibh sin ar fad mar 'rialacháin CBT'). Bhí sé mar aidhm ag an athchóiriú sin an bealach a réiteach do CBT níos glaise.

[1] Rialachán (AE) 2021/2115.

[2] Rialachán (AE) 2021/2116.

[3] Rialachán (AE) 2021/2117.

## Fíor 5 – Reachtaíocht nua CBT agus creat an Chomhaontaithe Ghlais a fhorbairt




*Foinse:* Suíomh gréasáin AS AGRI, CIE.


**10** Tá dhá Chiste sa CBT: an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Tugtar 'íocaíochtaí díreacha' ar an gcuid is mó den chaiteachas faoi CERT, arb ionann iad agus íocaíochtaí le feirmeoirí chun tacú lena n-ioncaim, in aghaidh an heicteáir de thalamh talmhaíochta den chuid is mó.

**11** Chomh maith le tacaíocht ioncaim chothrom a áirithiú d'fheirmeoirí, agus slándáil bia agus slí bheatha na gceantar tuaithe, is é is aidhm do CBT ná 'tacú le cosaint an chomhshaoil agus í a neartú, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, agus gníomhú ar son na haeráide'[4]. I ***bhFíor 6*** aibhsítear i ndath glas cuspóirí ginearálta agus sonracha CBT a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol.

---

[4] Airteagal 5(b) de Rialachán CSP.

## Fíor 6 – Cuspóirí ginearálta, sonracha agus trasnacha CBT





*Nóta:* Tá cuspóirí nach bhfuil ábhartha don iniúchadh seo scáthaithe.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar Rialacháin CSP.

**12** Chun tacú leis na cuspóirí sin, bunaíodh 'ollstruchtúr glas' nua le Rialachán CSP (féach ***Fíor 7***), arb éard atá ann go príomha ná:

- córas nua 'coinníollachta feabhsaithe', a chuireann leis an gcóras tras-chomhlíonta a bhí ann roimhe seo agus le hoibleagáidí 'glasaithe' CBT a bhí ann roimhe seo;
- 'éiciscéimeanna' a thabhairt isteach faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, lena dtacaítear le cleachtais feirmeoireachta atá tairbheach don aeráid, don chomhshaol agus do leas ainmhithe. Ba cheart 25 % ar a laghad de na híocaíochtaí díreacha i ngach aon Phlean a bheith i gceist leo de ghnáth, agus is faoi na feirmeoirí féin atá sé cé chomh mór is a thograíonn siad leas a bhaint as na híocaíochtaí sin;
- 35 % ar a laghad de chistiú CETFT a fhorchoimeád i ngach Plean le haghaidh idirghabhálacha lena dtugtar aghaidh ar an gcomhshaol, ar an aeráid agus ar leas ainmhithe, atá faoi lántoil na bhfeirmeoirí freisin cé chomh mór is a bhaineann siad leas astu.

### Fíor 7 – Ollstruchtúr glas CBT




*Foinse:* Foinse: bunaithe ar an gCoimisiún Eorpach, 28 bPlean Straitéiseacha CBT formheasta (2023-2027), Meitheamh 2023.

**13** Faigheann an t-ollstruchtúr glas tacaíocht ó chórais um eolas agus nuálaíocht talmhaíochta (AKIS), ina bhfuil seirbhísí comhairleacha feirme, aistriú eolais, nuálaíocht agus comhar.

**14** Le rialacháin CBT, tugtar isteach creat faireacháin chun feidhmíocht a thomhas. Tá faireachán, tuairisciú agus meastóireacht ar fheidhmíocht bunaithe ar thacar de tháscairí coiteanna aschuir, toraidh agus tionchair.

## Príomhfhreagrachtaí

**15** Leag an Coimisiún agus na comhreachtóirí síos Comhbheartas Talmhaíochta an Aontais 2023-2027 tríd an reachtaíocht ábhartha a mholadh agus a ghlacadh. Chun tacú le cur chun feidhme CBT, chuir na Ballstáit pleananna straitéiseacha CBT (dá dtagraítear inár dtuarascáil mar 'Phleananna') le haghaidh 2023-2027 faoi bhráid an Choimisiúin. D'eisigh an Coimisiún barúlacha a bhí mar bhunús do na Ballstáit chun a gcuid Pleananna tosaigh a athbhreithniú. Bhí Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (AS AGRI) i gceannas ar an bpróiseas sin le tacaíocht ó ardstiúrthóireachtaí eile, amhail an Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide (AS CLIMA) agus Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil (AS ENV). D'fhormheas

an Coimisiún na Pleananna athbhreithnithe ansin idir Lúnasa agus Nollaig 2022. Forálann an Rialachán don fhéidearthacht go mbeadh na Ballstáit in ann a bPleananna a leasú.

**16** Ní mór don Choimisiún agus do na Ballstáit faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar bhonn rialta ar a bhfuil bainte amach leis na Pleananna. Go sonrach, ní mór do na Ballstáit tuairisc bhliantúil a thabhairt ar aschuir agus ar thorthaí ina 'dtuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht'. Tá íocaíochtaí an Choimisiúin leis na Ballstáit faoi réir 'imréiteach feidhmíochta' bliantúil, atá bunaithe ar chaiteachas dearbhaithe a bhfuil aschur comhfhreagrach (réadaithe) agus 'athbhreithnithe feidhmíochta' aige, bunaithe ar tháscairí toraidh. Déanfaidh an Coimisiún meastóireachtaí freisin.

## Cistiú CBT maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol

**17** Tuairiscíonn an Coimisiún go bliantúil ar chaiteachas foriomlán a bhaineann leis an aeráid. Le CBT 2023-2027, meastar go leithdháilfear 40 % den chaiteachas faoi na Pleananna ar chuspóirí a bhaineann leis an aeráid[5]. Tríd an ualú a shainítear i Rialachán CSP a chur i bhfeidhm, ríomh an Coimisiún go bhfuil 47 % de chistiú CBT sna Pleananna ábhartha don aeráid, nó €123 bhilliún don tréimhse idir 2023 agus 2027.

**18** Thuairiscíomar roimhe seo i dTuarascáil speisialta 09/2022 a d'eisíomar gur dócha go ndearna an Coimisiún rómheastachán beagnach €60 billiún ar ranníocaíochtaí aeráide ón mbeartas talmhaíochta in 2014-2020, agus in ainneoin roinnt feabhsuithe, go bhfuil fadhbanna fós ag baint le cuid de na hualuithe atá le cur i bhfeidhm don tréimhse nua – mar a leagtar amach i Rialachán CSP.

**19** Leag an tAontas spriocanna síos dó féin freisin maidir le caiteachas a rannchuidíonn le meath na bithéagsúlachta a aisiompú, agus é mar sprioc 7.5 % de bhuiséad iomlán an Aontais do 2024 a leithdháileadh ar chuspóirí bithéagsúlachta, ag ardú go 10 % in 2026 agus 2027[6]. Níl aon sprioc shonrach caiteachais CBT ann don bhithéagsúlacht, ach mheas an Coimisiún go gcaithfear beagnach €9 mbilliún – nó 17 % de chaiteachas CBT – ar an mbithéagsúlacht in 2024.[7]

---

[5] Aithris 94 de Rialachán CSP.

[6] Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020, Airteagal 16(e).

[7] An Coimisiún Eorpach, Ráiteas ar mheastacháin 2024.

# Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

**20** Rinneamar measúnú féachaint an gcuirtear bonn fónta ar fáil le Pleananna 2023-2027 chun an cuspóir beartais maidir le CBT níos glaise a bhaint amach. Rinneamar scrúdú féachaint:

- an léirítear sna Pleananna uaillmhian níos mó ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide de ná mar a léiríodh sa tréimhse CBT roimhe seo;
- an bhfuil na Pleananna i gcomhréir le cuspóirí agus spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais;
- an bhfuil creat faireacháin leordhóthanach ann le haghaidh na bPleananna chun an méid atá bainte amach acu ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide de a rianú.

**21** Chlúdaigh ár n-iniúchadh an tréimhse ó Mheitheamh 2018 go dtí Aibreán 2024. Léirítear i ***bhFíor 8*** an chaoi a bhfuaireamar fianaise dár mbarúlacha. Chuireamar freisin leis an obair a bhí déanta roimhe seo ag an gCúirt Iniúchóirí i réimse CBT (féach ***Iarscríbhinn III***). Is é is aidhm dár dtuarascáil ná go mbeadh sí ina hacmhainn d’aon leasuithe a dhéanfar amach anseo ar na Pleananna nó d’aon athbhreithniú a dhéanfar ar rialacháin CBT, ionas gur fearr a chosnófar an aeráid agus an comhshaol.

## Fíor 8 – Ár gcur chuige iniúchóireachta: an obair a rinneadh



**Athbhreithniú ar obair an Choimisiúin**, go háirithe an treoraíocht tosaigh a thug sé do na Ballstáit, an measúnú a rinne sé ar na dréachtphleananna, na barúlacha a tháinig as sin, an fhaisnéis atá ar fáil maidir leis an gcaoi ar thug na Ballstáit aghaidh ar na barúlacha agus na tuarascálacha ón gCoimisiún maidir leis na Pleananna agus maidir le CBT

**Grinn-athbhreithniú ar Phleananna ceithre Bhallstát** – Éire, an Spáinn, an Fhrainc agus an Pholainn. Is ar an méid seo a leanas a bunaíodh an roghnú: ábharthacht an bhuiséid, cóimheá idir pleananna a bhainistítear ar an leibhéal náisiúnta agus cinn ar an leibhéal réigiúnach, agus tábhacht na bpríomhdhúshlán aeráide/comhshaoil sna tíortha sin. Ina theannta sin, rinneadh measúnú ar ábhair shonracha ar leibhéal an Aontais (e.g. coinníollacht)

**Athbhreithniú ar mheastóireachtaí agus staidéir** ó roinnt páirtithe leasmhara: eagraíochtaí feirmeoireachta, taighdeoirí agus eagraíochtaí comhshaoil neamhrialtasacha

**Agallaimh le 66 bhfeirmeoir** ar tugadh cuairt orthu i 14 Bhallstát mar chuid de ráiteas dearbhaithe iniúchóireachta CIE in 2023, faoin gcaoi a n-athródh CBT nua a gcleachtais

*Foinse:* CIE.

# Barúlacha

## Tá reachtaíocht CBT níos glaise ach ní bhaineann na Pleananna leas leordhóthanach as an acmhainneacht sin

**22** Is é is aidhm do CBT 2023-2027 ná uaillmhian mhéadaithe a bheith ann maidir le cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid le hais mar a bhí sa CBT roimhe sin[8]. Rinneamar seiceáil féachaint ar léiríodh é sin agus conas a léiríodh é:

- san ollstruchtúr glas a shainítear i Rialachán CSP;
- i measúnú an Choimisiúin ar na dréacht-Phleananna;
- le linn caibidlíochtaí ina dhiaidh sin leis an gCoimisiún agus sna hathruithe a rinne na Ballstáit ar na Pleananna;
- sna Pleananna formheasta;
- sna bearta a rinne an tAontas le déanaí (suas go dtí Aibreán 2024) mar fhreagairt ar iarrataí ó fheirmeoirí.


### Le hollstruchtúr glas an Rialacháin maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT, cumasaítear uaillmhian mhéadaithe chomhshaoil agus aeráide

**23** Rinneamar measúnú féachaint an bhfágfadh an t-ollstruchtúr glas nua go mbeadh leibhéal níos airde uaillmhéine ann ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide de ná mar a bhí sa tréimhse roimhe sin.

**24** Leis an **gcóras coinníollachta,** leathnaítear agus neartaítear córais thras-chomhlíontachta agus ghlasaithe CBT a bhí ann roimhe seo. Faoi thras-chomhlíonadh, bhí ar fheirmeoirí a fuair íocaíochtaí CBT dálaí maithe talmhaíochta agus comhshaoil (GAECanna) áirithe agus ceanglais reachtúla bhainistíochta (SMRanna) a chomhlíonadh maidir le sláinte phoiblí, ainmhithe agus plandaí, leas ainmhithe agus an comhshaol. Leis an gcóras feabhsaithe coinníollachta, tugtar isteach GAEC nua amháin agus dhá CRB nua, agus nuashonraítear ceithre cheanglas maidir le glasú a bhí roimhe sin ann (féach ***Fíor 9*** agus ***Iarscríbhinn I***).

[8] Aithris 123 agus Airteagal 105 de Rialachán CSP.

### Fíor 9 – Córas nua coinníollachta




*Foinse:* CIE.

**25** Ag tógáil ar an gcóras feabhsaithe coinníollachta, cuireadh na **héiciscéimeanna** leis an ollstruchtúr glas nua, agus athdheimhníodh bearta **forbartha tuaithe**, a raibh ceanglais ag gabháil leo araon go ndéanfaí íoschéatadán de na cistí a leithdháileadh ar bhearta comhshaoil agus aeráide (féach mír ***12***), ar bearta iad a chomhlíon na Ballstáit go léir. Tá éiciscéimeanna – lena ndéantar cleachtais atá tairbheach don aeráid, don chomhshaol agus do leas ainmhithe a chúiteamh in CERT – ar cheann de phríomhnuálaíochtaí CBT 2023-2027. Is méadú beag é an leithdháileadh buiséid don aeráid agus don chomhshaol faoi CETFT (gan idirghabhálacha atá sonrach do leas ainmhithe san áireamh[9]) i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin (ó 42.5 % go 44.5 %).

**26** Éilíonn an t-ollstruchtúr glas nua iarrachtaí breise ó fheirmeoirí. Ina mheasúnú tionchair ar an togra le haghaidh reachtaíocht nua CBT, mheas an Coimisiún go dtiocfadh laghdú idir 5 % agus 10 % ar ioncam feirmeoirí i gcásanna éagsúla, mar gheall ar an éifeacht a bheadh ag laghduithe buiséid agus ag na ceanglais ghlasa bhreise nuair a thógfaí le chéile iad. I staidéar eile[10], breathnaíodh go sonrach ar thionchar foriomlán an ollstruchtúir ghlais nua ar ioncaim feirmeoirí. Measadh ann go mbeadh laghdú ioncaim de 2.1 % go 3.5 % ann d'fheirmeoirí i gcomparáid leis an CBT roimhe sin mar thoradh ar an gcoinníollacht fheabhsaithe agus ar na héiciscéimeanna feabhsaithe, go príomha mar gheall ar shrianta breise ar fheirmeoireacht agus mar gheall ar na costais a ghabhann le comhlíontacht mhéadaithe. Ní dhearna an Coimisiún measúnú ar na costais d'fheirmeoirí agus ar na tairbhí don aeráid agus don chomhshaol a bhaineann leis an ollstruchtúr glas nua ar leibhéal níos mionsonraithe, mar shampla le haghaidh gach GAEC agus CRB. Chuideodh anailís den sórt sin le measúnú a dhéanamh ar an gcóimheá idir na tairbhí agus na costais a bhaineann leis na comhchodanna aonair sin de CBT 2023-2027.

---

[9] Airteagal 70 de Rialachán CSP.

[10] Petsakos A. et al., *Tionchair athchóiriú CBT i ndiaidh 2020 ar leibhéal na feirme: Anailís chásbhunaithe,* Peirspictíochtaí Eacnamaíocha Feidhmeacha agus Beartas 45(2), 2023, lch. 1178.


**27** Léiríonn ár measúnú go gcumasaítear leibhéal níos airde uaillmhéine leis an ollstruchtúr glas nua. Braitheann an méid atá bainte amach, áfach, ar an gcaoi a n-aistríonn na Ballstáit an t-ollstruchtúr glas isteach ina bPleananna agus ar a mhéid a bhaineann na feirmeoirí leas as na scéimeanna deonacha sin.

## Rinne an Coimisiún athbhreithniú forleathan ar na dréacht-Phleananna, ach níor baineadh úsáid as critéir intomhaiste chun measúnú a dhéanamh ar an uaillmhian ghlas

**28** Bhreathnaíomar ar an gcaoi a raibh sé mar aidhm ag an gCoimisiún, trína mheasúnú ar na Pleananna, an uaillmhian mhéadaithe a chumasaítear leis an ollstruchtúr glas a áirithiú.

**29** Níor leagadh síos critéir i Rialachán CSP féin chun an uaillmhian ghlas a thomhas. Lasmuigh den Rialachán, áfach, d'fhorbair an Coimisiún sraith chuimsitheach uirlisí dá mheasúnú ar na Pleananna, a roinn sé leis na Ballstáit chun críoch faisnéise in 2021 (féach ***Fíor 10***). Dúirt an Coimisiún gur cheart gurb é 'meon' CBT 2023-2027 ná gur cheart go n-ardódh an leibhéal uaillmhéine 'go mór'.

### Fíor 10 – An próiseas measúnaithe do na Pleananna




*Foinse:* CIE, bunaithe ar dhoiciméid ón gCoimisiún.

**30** D'eisigh an Coimisiún moltaí do gach Ballstát ar dtús, inar leagadh béim ar na príomhthosaíochtaí a bhí le breithniú acu. Ina dhiaidh sin, rinne sé a mheasúnú ar na Pleananna a thíolaic na Ballstáit in 2022. Fuaireamar go ndearna an Coimisiún measúnú forleathan ar na ceithre Phlean a ndearnamar athbhreithniú orthu. Mar sin féin, ní fhéadfadh sé na critéir a bhí leagtha síos aige ina shraith uirlisí treoraíochta a chur i bhfeidhm ach go pointe áirithe, go príomha mar gheall ar an deacracht a bhaineann le faisnéis ó thréimhsí éagsúla CBT a chur i gcomparáid le chéile. Ina ionad


sin, rinne sé athbhreithniú ar gach cuid de na pleananna ar bhealach cáilíochtúil den chuid is mó, agus d'úsáid sé cur chuige 'iomlánaíoch' mar bhonn chun na Pleananna a fhormheas. Mar thoradh air sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a shuí cá mhéad de mhéadú a tháinig ar leibhéal na huaillmhéine comhshaoil agus aeráide sna Pleananna. Tharraingíomar aird ar an riosca sin ar dtús i dTuairim 07/2018 a d'eisíomar.

**31** Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar na dréacht-Phleananna, sheol an Coimisiún litreacha breathnóireachta chuig na Ballstáit, inar cuireadh in iúl gur cúis imní dó nár éirigh le 25 de na 28 bPlean (thíolaic an Bheilg Plean amháin don Vallúin agus Plean amháin do Fhlóndras) cuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais a bhaint amach. Léirigh staidéar a choimisiúnaigh Parlaimint na hEorpa freisin go raibh ábharthacht ghlas na ndréachtphleananna measartha.

## Thug na Ballstáit freagra ar bharúlacha uile an Choimisiúin, cé gur mhinic nár athraigh siad na Pleananna

**32** Rinneamar measúnú ar an gcaoi ar ghníomhaigh na ceithre Bhallstát a bhí roghnaithe againn, le linn an phróisis formheasa (féach ***Fíor 11***), de réir bharúlacha an Choimisiúin a raibh sé mar aidhm leo méadú suntasach ar an uaillmhian ghlas a choimeád ar bun.


### Fíor 11 – An próiseas formheasa do na Pleananna




*Foinse:* CIE.

**33** Thug na Ballstáit freagra ar bharúlacha uile an Choimisiúin. Rinne siad ceartúcháin mar fhreagairt ar 79 mbarúil maidir le neamhchomhlíonadh Rialachán CSP. Chuaigh barúlacha eile ón gCoimisiún (gar do 200) thar cheanglais dhlíthiúla shonracha. Chloígh na Ballstáit le 57 % de na barúlacha sin ina n-iomláine nó den chuid is mó, trí athruithe a dhéanamh ar a bPleananna nó trí na soiléirithe a d'iarr an Coimisiún a sholáthar. Maidir leis an 43 % eile, lean siad go pointe áirithe moltaí an Choimisiúin (8 %) nó mhínigh siad cén fáth ar chloígh siad go bunúsach lena dtogra tosaigh (35 %) (féach ***Fíor 12***).

**Fíor 12 – Freagairt na mBallstát ar na moltaí ón gCoimisiún maidir le huaillmhian ghlas a mhéadú go dtí leibhéal atá níos airde ná an ceanglas dlíthiúlachta**




*Foinse:* CIE, bunaithe ar dhoiciméid ón gCoimisiún.

**34** I ***mBosca 1*** tugtar samplaí ina ndearna na Ballstáit an méid seo a leanas:

- lean siad moltaí an Choimisiúin ina n-iomláine nó den chuid is mó;
- lean siad, go pointe áirithe, na moltaí ón gCoimisiún, rud a d'fhág nach raibh gníomhaíochtaí chomh huaillmhianach céanna leis na gníomhaíochtaí a bhí molta ag an gCoimisiún;
- go bunúsach, chloígh siad lena gcéad togra in ainneoin mholtaí an Choimisiúin, agus thug siad réasúnú dá gcinneadh ina bhfreagra agus/nó rinne siad tagairt do bheartais náisiúnta chomhlántacha arb iad na Ballstáit amháin atá freagrach astu. Sa chás is déanaí sin atá luaite againn, níl aon smacht ag an gCoimisiún ar na gníomhaíochtaí sin.

### Bosca 1

### Freagraí ar bharúlacha an Choimisiúin maidir leis na Pleananna

Lean na Ballstáit na moltaí ón gCoimisiún

An Fhrainc: D'iarr an Coimisiún ar údaráis na Fraince an íocaíocht as feirmeoireacht orgánach a mhéadú laistigh den éiciscéim chun í a dhéanamh níos tarraingtí agus chun tairbhí comhshaoil níos airde a chúiteamh. Rinne údaráis na Fraince an éiciscéim a leasú dá réir sin.

An Spáinn: D'iarr an Coimisiún ar údaráis na Spáinne an sciar den limistéar ba cheart a bheith faoi réir uainíocht bhliantúil na mbarr sna héiciscéimeanna a mhéadú. Mhéadaigh údaráis na Spáinne an sciar íosta ó 40 % go 50 %.

Lean na Ballstáit na moltaí ón gCoimisiún go pointe áirithe

Éire: Tharraing an Coimisiún aird ar an luach measartha comhshaoil a bhain le cuid de na cleachtais a moladh faoin aon éiciscéim amháin a bhí molta ag Éirinn. Cé gur neartaigh údaráis na hÉireann na ceanglais i gcás roinnt cleachtas, choinnigh siad an éiciscéim bhunaidh den chuid is mó mar a bhí sí, toisc go raibh a straitéis dírithe ar rannpháirtíocht feirmeoirí a uasmhéadú.

An Spáinn: D'iarr an Coimisiún ar an Spáinn íoschéatadán na gcoigilteas uisce atá le baint amach a mhéadú trí chórais uiscithe lasmuigh den fheirm atá ann cheana féin a fheabhsú ó 5 % go 10 %. Sa deireadh, socraíodh an figiúr sin sa Phlean ag 7 %.

Go bunúsach, coinníodh tograí tosaigh na mBallstát

An Spáinn: Mhol an Coimisiún go gcuirfí níos mó réigiún san áireamh sna gníomhaíochtaí le haghaidh roghanna malartacha ar rialú ceimiceach lotnaidí. Níor athraigh údaráis na Spáinne an plean, toisc gur mheas siad gur rannchuidigh an fheirmeoireacht orgánach – atá beartaithe i ngach réigiún – leis an gcuspóir cheana féin.

An Fhrainc: Mhol an Coimisiún go láidir don Fhrainc maoiniú CETFT don chomhshaol agus don aeráid a mhéadú go dtí leibhéal níos airde ná an t-íosleibhéal a cheanglaítear le Rialachán CSP. Rinneadh athrú diomaibhseach, ach thug údaráis na Fraince ar aire go raibh na ceanglais dhlíthiúla comhlíonta acu.

Tagairtí do bheartais náisiúnta lasmuigh de na Pleananna

| | |
|---|---|
| Éire: | Bhí an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh sé nach leor na gníomhaíochtaí sa Phlean chun déileáil le brú na hearnála déiríochta ar an gcomhshaol agus ar an aeráid. Thagair Éire do roinnt tionscnaimh náisiúnta chomhlántacha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, ar nós na dtionscnamh a bhí i bPlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. Níl aon smacht ag an gCoimisiún ar ghníomhaíochtaí den sórt sin. |

**35** I dtuarascáil a choimisiúnaigh Parlaimint na hEorpa, inar clúdaíodh cuspóirí uile CBT, lena n-áirítear an aeráid agus an comhshaol, fuarthas freisin 'go léiríonn freagraí an Bhallstáit ar na litreacha breathnóireachta toilteanas níos ísle na barúlacha níos substaintiúla a thug an Coimisiún Eorpach ag an am a chur chun feidhme'. Tugtar ar aird sa tuarascáil gur thug na Ballstáit cúiseanna éagsúla leis sin, lena n-áirítear an choimhdeacht mhéadaithe lena rialaítear tréimhse reatha CBT, teorannú an chreata atá ceangailteach ó thaobh dlí, agus an riachtanas go ndéanfaí na Pleananna a fhormheas a luaithe is féidir. Tagraítear ann freisin d'aistriú ó idirghabhálacha CBT a úsáid chun díriú ar riachtanais ionstraimí beartais a úsáid lasmuigh de CBT, amhail beartais náisiúnta. Dheimhnigh an Coimisiún nach ndearnadh aon athrú radacach nó struchtúrach ar na Pleananna i ndiaidh na mbarúlacha. Rinne an Coimisiún a lua freisin go bhfuil sé d'aidhm ag na Ballstáit a gcuspóirí a bhaint amach trí acmhainní a shlógadh lasmuigh de na Pleananna nó trí bheartais agus ionstraimí náisiúnta[11].

## Ar an iomlán, bhí na Pleananna a formheasadh níos glaise ach ní raibh siad mórán níos glaise

**36** Cuidíonn an t-ollstruchtúr glas nua leis na Pleananna a dhéanamh níos glaise (féach mír ***27***). Sheiceálamar ar bhain siad leas as an acmhainneacht sin agus ar léirigh siad uaillmhian mhéadaithe 'shubstaintiúil' do na trí phríomhghné den 'ollstruchtúr glas' i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin.

[11] An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, Ionad Ilmheán Pharlaimint na hEorpa (europa.eu), 29.6.2023, ó 9'25" ar aghaidh.

**Coinníollacht fheabhsaithe**

**37** Bhí ceanglais níos déine tugtha isteach ag na ceithre Bhallstát a chlúdaíomar maidir le rialacha GAEC agus CRB le hais mar a bhí ann faoi thras-chomhlíonadh sa CBT roimhe seo (féach ***Fíor 9***). Tugtar roinnt samplaí i ***mBosca 2***. Cuirtear an dá thréimhse CBT i gcomparáid le chéile in ***Iarscríbhinn II***.

**Bosca 2**

**Samplaí de cheanglais níos déine sna Pleananna**

Sa Spáinn agus sa Fhrainc, caithfidh stiallacha maoláin in aice le huiscebhealaí a bheith clúdaithe le féar anois. Cuidíonn sé sin le huisce a choinneáil agus an ithir a chosaint ar shíothlú lotnaidicídí.

In Éirinn, sa Spáinn agus sa Pholainn, leathnaíodh leithead na stiallacha maoláin.

Sna ceithre Bhallstát a ndearnamar athbhreithniú orthu, leathnaíodh an limistéar atá clúdaithe ag na ceanglais chun creimeadh ithreach a laghdú.

**38** Leis an GAEC nua agus na ceithre cheanglas nuashonraithe maidir le glasú (féach mír ***24***), déantar athruithe a d'fhéadfadh a bheith dearfach, amhail uainíocht éigeantach na mbarr, ach níor baineadh leas iomlán as an tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ann don chomhshaol agus don aeráid i bPleananna na 27 mBallstát ar dhá bhealach.

**39** Ar an gcéad dul síos, bhain na Ballstáit úsáid as forálacha Rialachán CSP chun infheidhmeacht roinnt ceanglas a laghdú nó chun moill a chur ar a gcur i bhfeidhm. Mar shampla, dhíolmhaigh na Ballstáit uile roinnt tairbhithe ón gceanglas maidir le huainíocht barr (GAEC 7), agus rinne 24 Bhallstát amhlaidh don sciar íosta de limistéir nó gnéithe neamhtháirgiúla (GAEC 8). Chuir 16 Bhallstát siar an ceanglas go ndéanfaí tailte portaigh agus bogaigh (GAEC 2) a chosaint go dtí 2024 nó 2025, ós rud é nach raibh na limistéir mapáilte go hiomlán. Áirítear orthu sin Éire agus an Pholainn, arb astaírí móra GCTanna iad ó thalmhaíocht i dtailte portaigh[12].

[12] Ionad Greifswald Mire, *Páipéar faisnéise maidir le ról na dtailte portaigh sa Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) Eorpach nua*, Samhain 2019.

**40** Ar an dara dul síos, tá solúbthacht ag na Ballstáit GAECanna a shainiú. Ní dhearna siad amhlaidh i gcónaí ar bhealach lena n-uasmhéadófaí a n-acmhainneacht chomhshaoil agus aeráide (féach samplaí i ***mBosca 3***). Sa dá chás, luaigh na Ballstáit breithnithe amhail an gá atá le brabúsacht gabháltas áirithe a chaomhnú, agus easpa margaidh do bharra malartacha.

### Bosca 3

### Ní bhaineann na Ballstáit leas iomlán as acmhainneacht roinnt GAECanna

Le GAEC 7 i Rialachán CSP, leagtar síos uainíocht bhliantúil na mbarr, cleachtas a théann chun tairbhe do cháilíocht na hithreach. Ina bPleananna, cuireann formhór na mBallstát – lena n-áirítear na ceithre cinn a roghnaíomar dár n-iniúchadh – de cheangal ar thairbhithe an príomhbharr a athrú tar éis trí bliana, agus an uair sin amháin, nó an príomhbharr a athrú gach bliain ach nach bhfuil sé sin le déanamh ach amháin ar chuid dá dtalamh talmhaíochta.

Leag 22 Bhallstát, lena n-áirítear Éire agus an Pholainn, síos ina bPleananna gur cheart cloí le cóimheas na bhféarthailte buana don limistéar talmhaíochta iomlán (GAEC 1) ar an leibhéal náisiúnta. Meastar gur fearr é a shocrú ar an leibhéal réigiúnach – mar atá sa Spáinn agus sa Fhrainc – nó ar leibhéal na feirme, toisc go gcuireann sé srian ar athruithe ar úsáid talún[13].

**Éiciscéimeanna**

**41** Inár n-athbhreithniú ar na ceithre Phlean roghnaithe, fuaireamar go raibh na héiciscéimeanna in Éirinn agus sa Fhrainc ag leanúint leis na cleachtais ghlasa feirmeoireachta a bhí ann cheana den chuid is mó. Sa Spáinn agus sa Pholainn, fuaireamar samplaí a cheadaigh leathnú ar chleachtais ghlasa, ach nach raibh aon sonraí ann chun measúnú a dhéanamh ar an athrú foriomlán a tháinig as éiciscéimeanna (féach ***Bosca 4***).

[13] An Coimisiún Eorpach, Tionchar CBT ar bhithéagsúlacht, ithir agus uisce (acmhainní nádúrtha) SWD(2021) 425 final, Nollaig 2021, lch. 34; An Aireacht um an Aistriú Éiceolaíoch agus um an Dúshlán Déimeagrafach, Rún an 7 Nollaig 2022, lch. 188171; An Coimisiún Eorpach, Mapáil agus anailís ar Phleananna Straitéiseacha CBT: Measúnú ar iarrachtaí comhpháirteacha le haghaidh 2023-2027, Samhain 2023, lch. 538.

**Bosca 4**

## Acmhainneacht éagsúil le haghaidh athrú in éiciscéimeanna

Sampla den leathnú ar chleachtais ghlasa

— Tacaíonn roinnt éiciscéimeanna de chuid na Spáinne le cineálacha áirithe talún talmhaíochta (amhail garráin ológ, fíonghoirt agus úlloird) a chlúdach le fásra nó le gearrthóga prúnála, rud a fheabhsaíonn an ithir agus a laghdaíonn creimeadh. Leis na héiciscéimeanna sin, bhíothas in ann an limistéar atá clúdaithe ag an gcleachtas sin a leathnú ón 1.3 milliún heicteár a bhí ann cheana féin go 2.4 milliún heicteár.

Leanúint de chleachtais feirmeoireachta atá ann cheana féin

— Léiríodh i staidéar[14] a rinneadh le déanaí nach gá do bheagnach gach feirmeoir (99.9 %) sa Fhrainc cleachtais a athrú chun íocaíocht a fháil.

— In Éirinn, is ráta seasta aonair é an ráta tacaíochta nua a dheonaítear d'fheirmeoirí a chuireann dhá chleachtas chaighdeánacha nó cleachtas feabhsaithe amháin i bhfeidhm, atá le roghnú as liosta d'ocht gcleachtas. Mhínigh údaráis na hÉireann dúinn gur chomhlíon 91 % d'fheirmeoirí rogha fheabhsaithe cheana féin roimh thús thréimhse nua CBT.

— Deimhníodh é sin le haiseolas a fuaireamar ar an láthair ó fheirmeoirí sa Fhrainc agus in Éirinn. An dáréag feirmeoir ar thugamar cuairt orthu agus a raibh iarratas ar éiciscéimeanna déanta acu, chuir siad in iúl dúinn go raibh na scéimeanna sin ag leanúint leis na cleachtais a bhí in úsáid acu cheana féin.

**42** Is ar bhonn deonach a dhéantar éiciscéimeanna, agus beidh a dtionchar ag brath ar a mhéid a bhaineann feirmeoirí leas astu. D'fhéadfadh sé a bheith deacair leibhéal ard úsáide agus uaillmhian mhéadaithe araon a áirithiú. Sa Ghearmáin, mar shampla, tá an ráta úsáide an-íseal. De réir ár meastachán, níor baineadh leas as seo ach le haghaidh suas go dtí 66 % den limistéar atá beartaithe. Leasaigh na húdaráis an Plean an 30 Samhain 2023, rud a mhaolaigh roinnt ceanglais chomhshaoil agus a mhéadaigh an ráta íocaíochta chun níos mó feirmeoirí a mhealladh isteach sa scéim.

[14] Lassalas M. et al., *Ní bheidh cur chun feidhme an Chomhbheartais Talmhaíochta nua sa Fhrainc uaillmhianach ó thaobh an chomhshaoil de*. Rannchuidiú le Comhdháil EAAE XVII in Rennes (an Fhrainc), an 29 Lúnasa-1 Meán Fómhair 2023.

**Rannchuidiú CETFT leis an gcomhshaol agus leis an aeráid**

**43** Scrúdaíomar dearadh na bpríomh-idirghabhálacha CETFT sna ceithre Phlean a ndearnamar athbhreithniú orthu. Is iad sin: 'gealltanais chomhshaoil, gealltanais a bhaineann leis an aeráid agus gealltanais bhainistíochta eile'; 'tacaíocht do limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu'; agus 'tacaíocht do limistéir a bhfuil míbhuntáistí sonracha ag baint leo' chun measúnú a dhéanamh ar a n-acmhainneacht tairbhí comhshaoil agus aeráide a chur ar fáil. Is ionann na hidirghabhálacha sin agus níos mó ná 80 % de bhuiséad CETFT a leithdháiltear ar an aeráid agus ar an gcomhshaol sna Pleananna. Tagann an 20 % eile ó bhearta infheistíochta a d'fhéadfadh cur leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, ach is minic a shainítear go han-leathan iad, rud a fhágann go bhfuil sé deacair measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú sin agus comparáid a dhéanamh idir tréimhsí.

**44** Léiríonn ár n-anailís go bhfuil méadú tagtha ar an limistéar a fhaigheann tacaíocht don fheirmeoireacht orgánach agus gur cuireadh roinnt idirghabhálacha glasa nua dearfacha CETFT san áireamh, amhail idirghabháil lena gcúitítear stádas na ngnáthóg (bunaithe ar thorthaí) in Éirinn agus idirghabháil nua chun bithéagsúlacht a mhéadú ar thalamh arúil sa Pholainn. Mar sin féin, tá go leor de na hidirghabhálacha CETFT cosúil leo siúd a bhí ann sa tréimhse roimhe sin.

**45** Tá athrú suntasach tagtha ar na táscairí feidhmíochta ó thréimhse CBT amháin go dtí an ceann eile, go pointe áirithe mar gheall ar ollstruchtúr glas nua CBT. Fágann sé sin nach féidir na táscairí sin a úsáid chun comparáidí stuama ar an uaillmhian ghlas le haghaidh idirghabhálacha forbartha tuaithe a dhéanamh idir na tréimhsí éagsúla.

## Ag freagairt d'iarrataí ó fheirmeoirí, rinne an tAontas na ceanglais choinníollachta a laghdú

**46** Sa chéad ráithe de 2024, d'eagraigh feirmeoirí ar fud an Aontais léirsithe chun agóid a dhéanamh in aghaidh réimse leathan saincheisteanna, lena n-áirítear an leagan amach a bhí ar CBT 2023-2027. Mar fhreagairt ar iarrataí ó fheirmeoirí, d'eisigh an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán de chuid an Aontais lena maolaítear cuid de na ceanglais choinníollachta. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an rialachán sin i mBealtaine 2024 (féach ***Fíor 13***).

### Fíor 13 – Bearta lena laghdaítear coinníollacht in 2024

**Maidir le GAEC 8 ar ghnéithe neamhtháirgiúla**, ní cheanglaítear ar fheirmeoirí an Aontais a thuilleadh cuid íosta dá dtalamh arúil a thiomnú do limistéir neamhtháirgiúla, amhail talamh branair.

**Maidir le GAEC 7 ar uainíocht barr**, féadfaidh na Ballstáit a cheadú anois go gcomhlíonfar an ceanglas sin trí éagsúlú barr, cleachtas a bhí riachtanach cheana féin faoin CBT roimhe seo chun an íocaíocht ghlas a fháil.

Tugadh níos mó solúbthachta do na Ballstáit freisin **maoluithe sonracha nó sealadacha ar cheanglais choinníollachta** a thabhairt isteach.

Tá **feirmeoirí beaga** a bhfuil níos lú ná 10 heicteár ina seilbh acu díolmhaithe ó sheiceálacha agus ó phionóis a bhaineann le coinníollacht.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar Rialachán (AE) 2024/1468.

**47** Cé go bhfágann na hathruithe sin go bhfuil sé níos éasca d’fheirmeoirí ceanglais choinníollachta a chomhlíonadh, is lú an tairbhe a bhaineann leo don chomhshaol agus don aeráid freisin. Mar shampla, bhí sé i gceist le huainíocht barr (GAEC 7) buntáistí breise a thabhairt do cháilíocht na hithreach, ach tá sé roghnach anois. Bhí sé i gceist le GAEC 8 an bhithéagsúlacht a fheabhsú trína leagan síos go mbeadh sciar íosta den talamh le cur i leataobh le haghaidh eilimintí neamhtháirgiúla, ach ní ceanglas é sin a thuilleadh. Ina ionad sin, caithfidh na Ballstáit tacú le limistéir neamhtháirgiúla agus le gnéithe nua tírdhreacha trí éiciscéimeanna. Tá siad sin deonach d’fheirmeoirí, áfach, is é is dóichí gur bearta glasa eile a bheidh thíos leis dá mbarr, agus níl ceanglas ann a thuilleadh go mbeadh sciar íosta de limistéar neamhtháirgiúil ann.

## Fuaireamar freisin nach bhfuil na Pleananna ailínithe go maith le cuspóirí agus spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip

**48** Sa Chomhaontú Glas don Eoraip déantar CBT 2023-2027 a shainaithint mar phríomhuirlis chun tacú le hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, chun an comhshaol a chosaint agus chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú. Sheiceálamar an ndearnadh an méid seo a leanas:

- ar léiríodh spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais (féach míreanna ***06*** agus ***07***) i reachtaíocht CBT;
- ar áirithíodh le measúnú an Choimisiúin ar na Pleananna go raibh siad ailínithe le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais;

- an rannchuidíonn na Pleananna go mór le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais;
- ar áiríodh sna Pleananna príomhchleachtais talmhaíochta a théann chun tairbhe do spriocanna níos leithne an Chomhaontaithe Ghlais.

## Níor comhtháthaíodh spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i reachtaíocht CBT

**49** Baineann cúig sprioc de chuid an Chomhaontaithe Ghlais, atá ábhartha don talmhaíocht, leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, mar a léirítear i ***bhFíor 4***. Rinneamar measúnú ar an gcaoi ar ionchorpraíodh na spriocanna sin i reachtaíocht CBT.

**50** Dearadh reachtaíocht CBT nuair a bhí an Comhaontú Glas á fhorbairt (féach ***Fíor 5***). Mhol an Coimisiún reachtaíocht CBT i Meitheamh 2018 agus glacadh í i Nollaig 2021. Eisíodh an Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas i Nollaig 2019. Rinneadh ceithre sprioc chainníochtaithe neamhcheangailteacha an Chomhaontaithe Ghlais don chomhshaol a shainiú i mBealtaine 2020 sa straitéis dar teideal 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais. In Iúil 2021, tháinig an Dlí Aeráide Eorpach i bhfeidhm, lenar tugadh isteach sprioc cheangailteach an Chomhaontaithe Ghlais go ndéanfaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990.

**51** Luaitear i Rialachán CSP gur cheart go rannchuideodh na Pleananna le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais[15], ach ní thugann sé isteach ceanglais shonracha chuige sin. Mar a cuireadh in iúl i roinnt staidéar[16], ní léirítear tábhacht spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais i reachtaíocht nua CBT.

---

[15] Aithrisí 122 agus 123, agus Airteagal 109(2)(a)(v) de Rialachán CSP.

[16] Cuadros-Casanova I. et al., *Deiseanna agus dúshláin d'athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta chun tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip*, Eanáir 2023; Guyomard H. et al., Taighde do Choiste AGRI – An Comhaontú Glas agus CBT: impleachtaí beartais chun cleachtais feirmeoireachta a oiriúnú agus chun acmhainní nádúrtha an Aontais a chaomhnú. Parlaimint na hEorpa, 2020.

## In éagmais meastacháin chainníochtaithe, ní fhéadfadh an Coimisiún rannchuidiú na bPleananna le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a thomhas

**52** Scrúdaíomar an chaoi a ndearna an Coimisiún measúnú féachaint an raibh na Pleananna ailínithe i dtéarmaí comhsheasmhachta le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais do 2030.

**53** Ní cheanglaítear leis an Rialachán ar na Ballstáit spriocanna ná ranníocaíochtaí measta CBT leis an gComhaontú Glas a áireamh ina bPleananna, agus níor iarr an Coimisiún é sin. Mar sin féin, i gcás na feirmeoireachta orgánaí, ceanglaíodh leis an reachtaíocht ar na Ballstáit táscaire toraidh a úsáid lena bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na bPleananna le sprioc an Chomhaontaithe Ghlais. Seachas an fheirmeoireacht orgánach agus roinnt eisceachtaí (féach ***Bosca 5*** mar shampla), níor thug na Ballstáit meastachán ar an rannchuidiú a dhéanfadh na Pleananna féin le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais (féach ***Iarscríbhinn IV***). Luaigh na ceithre Bhallstát inár sampla saincheisteanna amhail easpa sainmhínithe agus modhanna coiteanna chun meastacháin den sórt sin a dhéanamh.

### Bosca 5

**Rannchuidiú na bpleananna le sprioc an Chomhaontaithe Ghlais**

Luaitear i bPlean na Fraince, de réir mheastacháin chomhlachas taighde CITEPA, go bhféadfadh bearta an Phlean astaíochtaí gás ceaptha teasa talmhaíochta a laghdú idir 9 % agus 11 % in 2030, i gcomparáid lena leibhéal in 2015. Dhéanfaí é sin trí na nithe seo a leanas:

- laghdú 10-12 % ar astaíochtaí ocsaíde nítriúla;
- laghdú 9-12 % ar astaíochtaí meatáin.

**54** D’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit ‘luachanna náisiúnta sainráite’ le haghaidh spriocanna comhshaoil an Chomhaontaithe Ghlais a áireamh ina bPleananna, a raibh sé i gceist leo gníomhaíochtaí uile na mBallstát a chlúdach, ní hamháin CBT. Mar a tugadh chun suntais freisin i staidéar a choimisiúnaigh an Pharlaimint[17], in ainneoin iarrataí an Choimisiúin, níor chuir na Ballstáit luachanna náisiúnta ar fáil ina bPleananna den chuid is mó, cé is moite den fheirmeoireacht orgánach (féach ***Iarscríbhinn IV***).

[17] Münch A. et al., 2023, lch. 65.

**55** Chuir na Ballstáit mínithe cáilíochtúla ar fáil maidir leis an gcaoi a ndearnadh a bPleananna a ailíniú le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais, le leibhéil éagsúla mionsonraí. Mheas an Coimisiún freisin go raibh baint ag ceithre tháscaire toraidh le spriocanna comhshaoil an Chomhaontaithe Ghlais[18] (féach ***Iarscríbhinn V***).

**56** Léiríonn an scrúdú a rinneamar ar mheasúnú an Choimisiúin ar an gcaoi a bhfuil na Pleananna ailínithe le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais do 2030 nach féidir leis an gCoimisiún — seachas i gcás na feirmeoireachta orgánaí — méid a rannchuidithe a thomhas, agus mar sin nach féidir a sheiceáil an bhfuil siad ag teacht leis na spriocanna.

## Tá baint amach spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais ag brath den chuid is mó ar ghníomhaíochtaí lasmuigh de CBT

**57** Chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidithe na bPleananna le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais, scrúdaíomar spriocanna 2023-2027 a leagadh síos do tháscairí toraidh gaolmhara CBT (féach ***Tábla 1***) agus ceanglais choinníollachta. Is iad na táscairí toraidh sin ná na táscairí a mheas an Coimisiún a bheith bainteach le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais (féach mír ***55***), móide dhá tháscaire toraidh bhreise, a mheasaimid a d'fhéadfadh a bheith bainteach go hiomlán le laghdú astaíochtaí GCT.

[18] An Coimisiún Eorpach, Anailís ar na naisc idir Athchóiriú CBT agus an Comhaontú Glas, Bealtaine 2020.

## Tábla 1 – Táscairí toraidh do spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais i mBallstáit roghnaithe


| Spriocanna do thréimhse CBT 2023-2027 | R.29 – Forbairt na talmhaíochta orgánaí (% den limistéar talmhaíochta iomlán) | R.22 – Bainistiú inbhuanaithe cothaitheach (% den limistéar talmhaíochta iomlán) | R.24 – Úsáid inbhuanaithe agus laghdaithe lotnaidicídí (% den limistéar talmhaíochta iomlán) | R.34 – Gnéithe tírdhreacha a chaomhnú (% den limistéar talmhaíochta iomlán) | R.13 – Astaíochtaí a laghdú in earnáil an bheostoic (% d'iomlán na n-aonad beostoic) | R.14 – Stóráil carbóin san ithir agus i mbithmhais (% den limistéar talmhaíochta iomlán) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Éire** | 7.5 % | 42.4 % | 7.5 % | 4.7 % | – | 8.9 % |
| **An Spáinn** | 5.1 % | 5.6 % | 4.6 % | 0.3 % | 0.1 % | 32.1 % |
| **An Fhrainc** | 11.7 % | 1.1 % | 61.1 % | 0.3 % | – | 26.2 % |
| **An Pholainn** | 4.5 % | 27.0 % | 9.4 % | 0.2 % | – | 38.0 % |
| **AE Comhiomlánaithe** | **10 %** | **15.2 %** | **26.8 %** | **1.8 %** | **2.4 %** | **35.1 %** |

*Nóta:* Is iad na spriocanna a léirítear ná na spriocanna a eascraíonn as na chéad Phleananna formheasta agus tá siad ag brath ar rogha a rinne gach Ballstát i dtaobh na mbeart. Léiríonn na spriocanna sin an gharsprioc is airde atá beartaithe le linn thréimhse CBT 2023-2027.

*Foinse:* Pleananna Straitéiseacha CBT.

**58** Maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach, d'úsáid an Coimisiún spriocluachanna na bPleananna le haghaidh tháscaire toraidh **R.29** chun a mheas go ndéanfar feirmeoireacht orgánach ar 10 % de na limistéir thalmhaíochta ar fud an Aontais faoi 2027 trí thacaíocht CBT. D'ainneoin go bhfuil sé beartaithe an limistéar a fhaigheann tacaíocht in CBT 2023-2027 a mhéadú go suntasach, is cosúil go bhfuil sé an-deacair sprioc an Chomhaontaithe Ghlais de 25 % den talamh a bheith á shaothrú go horgánach faoi 2030 a bhaint amach (féach ***Fíor 14***). I dTuarascáil speisialta 19/2024 a d'fhoilsíomar le déanaí maidir le feirmeoireacht orgánach san Aontas, fuarthas gur ghá an luas a dhúbailt ó thaobh an mhéid a bhaintear leas as cleachtais feirmeoireachta orgánaí, chun an sprioc sin a bhaint amach. Tugann EEA ar aire go bhfuil sé 'an-neamhdhóchúil' go mbainfear amach an sprioc 25 % faoi 2030.

**Fíor 14 – An sciar de limistéar talmhaíochta an Aontais atá faoi fheirmeoireacht orgánach, 2012-2021, agus spriocanna (faoi 2027 agus 2030)**





*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún, ar shonraí Eurostat agus ar na Pleananna.

**59** De réir na bPleananna, ba cheart 15.2 % de limistéar talmhaíochta an Aontais a bheith faoi bhainistiú inbhuanaithe cothaitheach faoi 2027 (táscaire toraidh **R.22**). Baineann sé sin le sprioc an Chomhaontaithe Ghlais maidir le caillteanas cothaitheach a laghdú 50 % faoi 2030. Tá an choinníollacht, agus go háirithe an CRB lena bhforfheidhmítear cur chun feidhme na Treorach maidir le Níotráití, ábhartha freisin chun sprioc an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach, ach thángamar ar an gconclúid le déanaí i dTuarascáil speisialta 19/2023 a d'eisíomar nach raibh athruithe leordhóthanacha ar rialacha coinníollachta maidir le cosaint ithreach in CBT 2023-2027. Luaitear i staidéar a rinne EEA le déanaí nach ndearnadh mórán dul chun cinn maidir le tiúchan nítrigine i screamhuisce ó 2000 i leith, agus 'go bhfuil sé i gcónaí neamhdhóchúil – ach nach féidir a bheith cinnte faoi – go dtiocfaidh laghdú 50 % ar chaillteanais cothaitheach sa screamhuisce faoi 2030 ar fud an Aontais'.

**60** Tá coinníollacht – go háirithe na CRBanna maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí agus uainíocht éigeantach barr – ábhartha do sprioc an Chomhaontaithe Ghlais go ndéanfar laghdú 50 % ar riosca iomlán agus ar úsáid lotnaidicídí faoi 2030. Tá sé beartaithe ag na Ballstáit freisin 26.8 % de limistéar talmhaíochta an Aontais a thiomnú le haghaidh úsáid inbhuanaithe agus laghdaithe lotnaidicídí (táscaire toraidh **R.24**). Thuairiscigh an Coimisiún nár sainaithníodh ina scagadh ar Phleananna aon éiciscéimeanna a dtabharfaí tosaíocht dá gcur chun feidhme i limistéir ina bhfuil ardúsáid agus riosca lotnaidicídí[19]. Thairis sin, cé go léiríonn 'táscaire riosca comhchuibhithe an Aontais', arna rianú ag Eurostat, go bhfuil dul chun cinn leanúnach á dhéanamh (féach ***Fíor 15***), thuairiscíomar roimhe seo i dTuarascáil speisialta 05/2020 a d'eisíomar go ndéanann an mhodheolaíocht rómheastachán ar an laghdú riosca in úsáid lotnaidicídí. Go deimhin, d'fhan díolacháin lotnaidicídí (i dtéarmaí tonaí) réasúnta seasmhach ó 2011 i leith (féach ***Fíor 15***). Tá an fógra go dtarraingeofar siar an togra le haghaidh Rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí (féach mír ***07***) ina dhúshlán breise do bhaint amach sprioc an Chomhaontaithe Ghlais.

## Fíor 15 – Úsáid agus táscaire riosca lotnaidicídí agus díolacháin lotnaidicídí in AE-27 (2011-2021)




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach bunaithe ar shonraí Eurostat, agus sonraí Eurostat.

[19] An Coimisiún Eorpach, Mapáil agus anailís ar Phleananna Straitéiseacha CBT: Measúnú ar iarrachtaí comhpháirteacha le haghaidh 2023-2027, Samhain 2023, lch. 561.

**61** Beidh baint amach sprioc an Chomhaontaithe Ghlais maidir le 10 % den limistéar a leithdháileadh ar ghnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta (lena n-áirítear talamh áirithe a fhágtar bán) ag brath den chuid is mó ar dhul i bhfad níos faide ná an limistéar íosta a cheanglaítear le GAEC 8 (4 %) – a bhfuil na hoibleagáidí faoi sin á ngearradh siar (féach mír ***46***). Díríonn éiciscéimeanna agus bearta forbartha tuaithe na bPleananna ar ghnéithe tírdhreacha a chaomhnú ar 1.8 % de limistéar talmhaíochta an Aontais (táscaire toraidh R.34). Ina litreacha breathnóireachta chuig an Spáinn, chuig an bhFrainc agus chuig an bPolainn, thug an Coimisiún ar aire go raibh a gcuidsean spriocanna don táscaire sin ró-íseal. Ina ainneoin sin, tá siad níos ísle fós sna Pleananna deiridh mar gheall ar thosca amhail rómheastacháin tosaigh. Aithníonn an Coimisiún gur cosúil, i gcásanna áirithe, go bhfuil na spriocanna sna Pleananna teoranta[20] a mhéid a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chosaint agus aithníonn sé gur cheart 'aird níos mó a thabhairt ar na hiarrachtaí'[21] chun gnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta a mhéadú.

**62** Maidir le maolú ar an athrú aeráide, tá bearta sna Pleananna chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhrac, trí astaíochtaí a laghdú ag an bhfoinse (**R.13**) agus trí linnte carbóin a threisiú (**R.14**). Léirítear i sprioc chomhiomlánaithe an Aontais do **R.13** nár cheart bearta chun astaíochtaí in earnáil an bheostoic a laghdú a chur i bhfeidhm ach maidir le 2.4 % de bheostoc an Aontais, arb é sin leis féin is cúis le 58 % d'astaíochtaí ón talmhaíocht. Luaigh na Ballstáit cúiseanna amhail an deacracht a bhaineann le hidirghabhálacha a bhaineann le líon an bheostoic a dhearadh, nó an méid atá bainte amach a ríomh agus a thuairisciú. De réir EEA, 'tá iarrachtaí suntasacha breise de dhíth ar earnáil na talmhaíochta, i bhfianaise an dul chun cinn teoranta atá déanta acu le blianta beaga anuas'.

[20] An Coimisiún Eorpach, Measúnú ar iarrachtaí comhpháirteacha le haghaidh 2023-2027: achoimre feidhmiúcháin, Samhain 2023, lch. 5.

[21] An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: 'Achoimre ar Phleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh 2023-2027: iarracht chomhpháirteach agus uaillmhian chomhchoiteann', Samhain 2023, lch. 8.

**63** Maidir le stóráil carbóin, is é 35 % sprioc chomhiomlánaithe an Aontais le haghaidh **R.14** (céatadán na talún atá ar fáil ina gcuirfear gníomhaíochtaí chun feidhme). Maidir leis na Ballstáit a roghnaíodh, mheas an Coimisiún go raibh sprioc na hÉireann (8.9 %) íseal, ach níor athraigh Éire í. I ndiaidh na moille a ceadaíodh ar chur chun feidhme (féach mír ***39***), rannchuideoidh na ceanglais nua coinníollachta – go háirithe GAEC 2 maidir le tailte portaigh a chosaint – le bearta stórála carbóin freisin. Luaigh EEA 'go bhforáiltear le réamh-mheastacháin GCT mar a thíolaic na Ballstáit iad i Márta 2023 do mhéadú breise ar an linn charbóin, ach ní ag ráta fáis lena bhféadfaí an spriocleibhéal a bhaint amach faoi 2030'.

**64** I dtuarascáil 2023 uaidh maidir le 'hiarrachtaí comhpháirteacha', deir an Coimisiún go rannchuidíonn na Pleananna go mór le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don fheirmeoireacht orgánach, agus i gcás na spriocanna eile léirítear 'acmhainneacht mhaith' sna Pleananna[22]. Léiríodh i staidéir[23] go bhféadfadh sé nach leor dearadh reatha CBT chun na spriocanna a bhaint amach, rud atá comhthacaithe lenár n-anailís ar na Pleananna. Is é ár measúnú foriomlán ná, cé go rannchuidíonn na Pleananna beagán le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais, go bhfuil a mbaint amach ag brath den chuid is mó ar ghníomhaíochtaí lasmuigh de CBT.

---

[22] An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: 'Achoimre ar Phleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh 2023-2027: iarracht chomhpháirteach agus uaillmhian chomhchoiteann', Samhain 2023, lgh. 6-9.

[23] ECFE, Beartais maidir le Todhchaí na Feirmeoireachta agus an Bhia san Aontas Eorpach, Athbhreithnithe ECFE ar an mBeartas Talmhaíochta agus Bia, Deireadh Fómhair 2023, lch. 11; Pe'er et al., Conas is féidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta Eorpach cabhrú le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta? Moltaí ó bhreis agus 300 saineolaí, Meitheamh 2022; Cuadros-Casanova I et al., Deiseanna agus dúshláin d'athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta chun tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip, Eanáir 2023.

## Níor clúdaíodh roinnt príomhchleachtais talmhaíochta le haghaidh spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais go leordhóthanach sna ceithre Phlean a roghnaíodh

**65** Cé go leagtar amach sna Pleananna an dearadh beartais do thréimhse 2023-2027, is nádúr fadtéarmach atá ag na dúshláin aeráide agus comhshaoil a bhaineann leis an talmhaíocht. Luaitear sa Chomhaontú Glas gur cheart 'úsáid cleachtas inbhuanaithe' a bheith mar thoradh ar Phleananna. Tá príomhchleachtais éagsúla sainaitheanta ag an gCoimisiún agus ag saineolaithe, ar thagair an Coimisiún do go leor díobh nuair a bhí na Pleananna á bhforbairt. Rinneamar scrúdú féachaint ar chuir na ceithre Phlean inár sampla cleachtais den sórt sin chun cinn.

**66** Fuaireamar amach go bhfuil roinnt príomhchleachtas sna Pleananna a bhaineann, mar shampla, le hinnilt fhairsing, bainistiú aoiligh, feirmeoireacht bheacht, barra cumhdaigh, curaíocht laghdaithe, agus gníomhaíochtaí caomhnaithe bithéagsúlachta. Mar sin féin, is ar éigean a chlúdaítear roinnt príomhchleachtas eile sna ceithre Phlean a ndearnamar athbhreithniú orthu, mar a thaispeántar thíos.

**67** Is iad na hastaíochtaí meatáin a eascraíonn as coipeadh eintreach is cúis le beagnach leath de na hastaíochtaí GCT talmhaíochta iomlána[24]. Mar sin féin, is beag idirghabháil a thugann aghaidh ar an réimse sin sna ceithre Phlean (féach mír ***62***). Aithnítear athbhunú tailte portaigh freisin mar bhealach éifeachtach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú mar a thuairiscíomar i dTuarascáil speisialta 16/2021 a d'eisíomar. Tá limistéir mhóra tailte portaigh in Éirinn agus sa Pholainn, ach is ar éigean atá gníomhaíochtaí maidir le hathchóiriú clúdaithe sna Pleananna.

**68** Tagraíonn staidéar JRC ó 2020 do bhearta eile chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, amhail díleáiteoirí anaeróbacha a úsáid chun bithghás a tháirgeadh ó aoileach nó coscairí nítriúcháin, lena laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa agus caillteanais níotráite. Rinne dhá cheann as na ceithre Bhallstát inár sampla gníomhaíochtaí soiléire (an Pholainn) nó roghanna (an Spáinn) maidir le díleáiteoirí anaeróbacha a áireamh ina bPleananna. Ní luaitear bearta coscaire nítriúcháin go sainráite in aon cheann de na Pleananna.

---

[24] An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, Deireadh Fómhair 2023.

**69** I Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide, tugtar faoi deara go bhfuil 'minicíocht agus déine na ndálaí millteanacha aimsire agus aeráide ag dul i méid', agus gur príomhchleachtas ábhartha é aistriú chuig barra atá níos oiriúnaí do thriomach. Tá idirghabháil amháin beartaithe ag an Spáinn lena n-áirítear barra atá frithsheasmhach in aghaidh triomaigh, ach is mar rogha atá sé sin luaite, agus sna trí Phlean eile inár sampla ní bhfuaireamar aon bheart tiomnaithe a thacaíonn leis an gcleachtas sin. I gcásanna áirithe, braitheann Pleananna ar infheistíochtaí i mbonneagar uiscithe, a bhfuil a n-éifeachtacht maidir le tomhaltas iomlán uisce a laghdú, doiléir[25]. Aithnítear sa tuarascáil maidir le 'hiarrachtaí comhpháirteacha' go bhféadfaí athrú go patrúin churaíochta atá níos frithsheasmhaí in aghaidh triomaigh a chur chun cinn tuilleadh.[26]

**70** Aithnítear freisin go bhfuil sé níos oiriúnaí íocaíochtaí a nascadh le meascán de chleachtais oiriúnaitheacha chun déileáil le teagmhais mhillteanacha aeráide, ach cuireann formhór na 28 bPlean[27] – lena n-áirítear trí cinn de na ceithre Bhallstát inár sampla – cur chuige níos simplí i bhfeidhm maidir le héiciscéimeanna. I gcodarsnacht leis sin, thug an Pholainn éiciscéim amháin isteach trínar tugadh luach saothair d'fheirmeoirí as cleachtais a chomhcheangal.

**71** Téann an agrafhoraoiseacht chun tairbhe don bhithéagsúlacht chomh maith leis an oiriúnú don athrú aeráide[28]. I dtrí cinn de na ceithre Phlean, tá idirghabhálacha a bhaineann go sonrach leis an agrafhoraoiseacht, ach ní fios cá mhéad den limistéar atá clúdaithe (an Fhrainc) nó is diomaibhseach é (an Pholainn agus an Spáinn), mar shampla níl clúdaithe ach 0.03 % den talamh talmhaíochta sa Pholainn.

---

[25] Tuarascáil speisialta 20/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, míreanna 77-78; ECFE (2023), Beartais maidir le Todhchaí na Feirmeoireachta agus an Bhia sa Spáinn, Athbhreithnithe ECFE ar an mBeartas Talmhaíochta agus Bia, Meitheamh 2023.

[26] An Coimisiún Eorpach, Mapáil agus anailís ar Phleananna Straitéiseacha CBT: Measúnú ar iarrachtaí comhpháirteacha le haghaidh 2023-2027, Samhain 2023, lch. 553.

[27] Devot A. et al., Taighde do Choiste AGRI, Tionchar na dteagmhas millteanach aeráide ar tháirgeadh talmhaíochta san Aontas, Parlaimint na hEorpa, Aibreán 2023, lch. 64.

[28] EPRS, Agrafhoraoiseacht san Aontas Eorpach, Meitheamh 2020.

**72** Tá gníomhaíochtaí tairbhiúla maidir leis an mbithéagsúlacht ar leibhéal na feirme sna Pleananna. Mar sin féin, meastar gur bealach níos éifeachtúla é comhordú spásúil ar ghníomhaíochtaí feirmeoirí chun tionchar comhshaoil níos mó a bhaint amach ná cleachtais aonair neamhchomhordaithe ar leibhéal na feirme[29]. Ar an iomlán, tá an comhar fós tearcfhorbartha sna Pleananna, mar a d'aithin an Coimisiún ina thuarascáil maidir le hiarrachtaí comhpháirteacha na bPleananna.

## Tá feabhas tagtha ar an gcreat faireacháin, ach níl príomhghnéithe ann chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht ghlas CBT

**73** Sa roinn seo, táimid ag díriú isteach ar an gcreat faireacháin do CBT 2023-2027 is infheidhme maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol. Sheiceálamar an méid seo a leanas:

- an bhfuil cuspóirí soiléire CBT agus táscairí ábhartha san áireamh sa chreat a leagtar amach sa Rialachán;
- an ndéantar an creat sin a léiriú sna Pleananna ar bhealach comhsheasmhach, agus an bhfuil naisc chomhleanúnacha idir táscairí agus cuspóirí.

### Creat faireacháin simplithe, ach tá easpa soiléireachta ag baint leis na cuspóirí agus díríonn na táscairí ar aschuir seachas ar thorthaí

**74** Bhreathnaíomar ar na cuspóirí ginearálta agus sonracha, chomh maith leis na táscairí a áirítear i reachtaíocht CBT chun a mheas an gceadófaí leo tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht ghlas CBT. Le CBT 2023-2027 comhchuibhítear cuspóirí agus táscairí sonracha araon ar fud an dá cholún, ar struchtúr simplithe é i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin.

---

[29] Pe'er et al., Conas is féidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta cuidiú le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta? Moltaí ó bhreis agus 300 saineolaí, Meitheamh 2022.

**75** Mar sin féin, mar a tugadh ar aird i dTuairim 07/2018 a d'eisíomar níl na cuspóirí sonracha iad féin, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, sainithe go soiléir (e.g. 'ag rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, chomh maith le fuinneamh inbhuanaithe'), agus níl siad nasctha le spriocanna cainníochtaithe ach an oiread. Fágann na saincheisteanna sin go bhfuil sé deacair faireachán a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí sonracha.

**76** Thuairiscíomar roimhe seo i dTuairim 07/2018 a d'eisíomar go bhféadfadh sé sin bac a chur ar an rath oibríochtúil mura ndírítear ar chuspóirí ardleibhéil, agus gur cheart cuspóirí soiléire agus sonracha a bheith mar thúsphointe do chóras éifeachtach feidhmíochtbhunaithe. Baineadh de thátal as staidéir a choimisiúnaigh Coiste AGRI Pharlaimint na hEorpa le déanaí freisin nach ndéantar cuspóirí sonracha CBT a chainníochtú ar leibhéal an Aontais[30].

**77** Ina theannta sin, mar a thugamar ar aird inár dtuairim, léiríonn na táscairí toraidh is coitianta an t-aschur i ndáiríre, amhail an sciar den limistéar, an líon ainmhithe, nó feirmeacha atá faoi idirghabhálacha, ach ní dhéanann siad éifeachtaí na n-idirghabhálacha féin a thomhas. Mar shampla, is léiriú é R.14 den sciar de limistéar talmhaíochta lena ngabhann gealltanais tacaíochta chun astaíochtaí a laghdú nó chun stóráil charbóin a choimeád nó a fheabhsú. Mar sin féin, ní insíonn sé seo aon rud dúinn faoi éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí atá curtha chun feidhme.


### Tá táscairí toraidh tábhachtacha in easnamh i bPleananna áirithe, agus tá éagsúlacht mhór sna naisc le cuspóirí sonracha

**78** Tugadh roinnt solúbthachta do na Ballstáit maidir le conas an creat faireacháin a chur i bhfeidhm ina bPleananna. Scrúdaíomar an chaoi ar sheiceáil an Coimisiún an raibh na táscairí aeráide agus comhshaoil comhsheasmhach le measúnuithe riachtanas, cuspóirí sonracha agus idirghabhálacha gaolmhara na mBallstát.

**79** Fuaireamar go raibh éagsúlacht shuntasach sna táscairí a bhí sna Pleananna ar fud na mBallstát uile (féach ***Fíor 16***). San iomlán, roghnaigh na Ballstáit uile 9 gcinn de na 24 tháscaire aeráide agus comhshaoil.

[30] Münch A. et al., 2023.

## Fíor 16 – Táscairí toraidh a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol atá san áireamh sna Pleananna




*Nóta:* Chuir an Bheilg Plean amháin isteach le haghaidh na Vallúine agus Plean amháin isteach le haghaidh Fhlóndras.

*Foinse:* CIE.

**80** Shainaithin gach ceann dár gceithre Bhallstát a roghnaíodh príomhthosaíochtaí dá riachtanais ar leith, bunaithe ar chuspóirí sonracha. Mar sin féin, níor chuir siad gach táscaire atá ábhartha do na tosaíochtaí sin san áireamh ina bPleananna deiridh, toisc nár dhear siad idirghabhálacha a chuireann le táscairí ábhartha. Mar shampla, in ainneoin an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a aicmiú mar thosaíocht, níor chuir Éire, an Fhrainc ná an Pholainn R.13 (Astaíochtaí a laghdú in earnáil an bheostoic) san áireamh, toisc nach bhfuil an táscaire seo beartaithe ach le haghaidh idirghabhálacha atá nasctha le líon an bheostoic, rud a mheas siad a bheith deacair a dhearadh (féach mír ***62***). Aithníonn an Spáinn dea-bhail na cainníochta agus na cáilíochta uisce mar thosaíocht, ach níor chuir sí táscaire R.23 (Úsáid inbhuanaithe uisce) sa Phlean. Níl an táscaire seo beartaithe ach le haghaidh idirghabhálacha limistéarbhunaithe, agus is ó infheistíochtaí nach bhfuil aon táscaire tiomnaithe acu maidir le húsáid uisce a thagann na ranníocaíochtaí atá beartaithe le haghaidh bainistiú inbhuanaithe uisce i bPlean na Spáinne den chuid is mó.

**81** As na 24 tháscaire toraidh a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, níl ach 13 cinn éigeantach d’athbhreithniú feidhmíochta an Choimisiúin, a úsáidtear chun dul chun cinn a rianú, gníomhaíocht feabhais a iarraidh, nó íocaíochtaí a laghdú nó a chur ar fionraí ar deireadh (féach ***Iarscríbhinn VI***). Bhí sé beartaithe ar dtús ag an gCoimisiún gach ceann de na 24 tháscaire a úsáid le haghaidh an athbhreithnithe feidhmíochta, ach laghdaíodh é sin go 13 tháscaire le linn an phróisis reachtaigh. As na 13 Bhallstát sin, níor roghnaigh na Ballstáit uile ach 7 gcinn díobh. Cuirfidh an laghdú ar tháscairí bac ar athbhreithniú fóinteach ar fheidhmíocht, agus d’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le caitheamh go neamhréireach leis na Ballstáit.

**82** Rinneamar athbhreithniú freisin ar an gcaoi a ndearna na Ballstáit na 24 tháscaire toraidh a nascadh leis na cuspóirí sonracha. Tá sé mar aidhm ag na naisc caidreamh cúise agus éifeachta a rianú. Thángamar ar éagsúlacht mhór sna naisc a rinne na Ballstáit. D’fhágfadh sé sin go mbeadh sé deacair rannchuidiú na bPleananna le baint amach cuspóirí sonracha a rianú ar leibhéal an Aontais.

# Conclúidí agus moltaí

**83** Táimid tagtha ar an gconclúid go bhfuil na Pleananna do 2023-2027 níos glaise ná mar a bhí i dtréimhse an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) roimhe seo, ach nach bhfuil siad ag teacht le huaillmhianta an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, agus go bhfuil príomhghnéithe in easnamh chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht ghlas.

**84** Leis an ollstruchtúr glas a tugadh isteach faoi Rialacháin maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT, is féidir uaillmhian chomhshaoil agus aeráide níos fearr a bheith in CBT. Leis an gcóras coinníollachta nua, leathnaítear agus neartaítear an córas tras-chomhlíontachta agus glasaithe a bhí sa CBT a bhí ann roimhe seo. Ag tógáil ar na ceanglais threisithe sin, tá éiciscéimeanna agus idirghabhálacha forbartha tuaithe ann a thugann luach saothair as cleachtais atá tairbheach don aeráid agus don chomhshaol (míreanna ***23***-***27***).

**85** Le CBT 2023-2027, tugadh solúbthacht mhór do na Ballstáit chun an t-ollstruchtúr glas a léiriú ina bPleananna. Ba é ról an Choimisiúin a chinntiú gur léirigh na Pleananna 'uaillmhian mhéadaithe', agus bhí sé d'aidhm aige méadú suntasach a bhaint amach. Thug an Coimisiún barúlacha maidir leis na dréacht-Phleananna. Thug na ceithre Bhallstát inár sampla freagra ar bharúlacha uile an Choimisiúin, cé gur minic nár lean siad ach cuid de na moltaí ón gCoimisiún, nó gur mhínigh siad cén fáth ar chloígh siad go bunúsach lena dtogra tosaigh. In a lán cásanna, tagraíodh do bheartais náisiúnta chomhlántacha nach bhfuil aon smacht ag an gCoimisiún orthu (míreanna ***28***-***35***).

**86** Is leis an gcaoi a ndéantar an t-ollstruchtúr glas a aistriú isteach sna Pleananna a chinntear a leibhéal uaillmhéine. Maidir leis an gcóras nua coinníollachta, bhain na Ballstáit uile úsáid as díolúintí ó dhálaí maithe talmhaíochta agus comhshaoil, agus rinne 16 Bhallstát an ceanglas maidir le cosaint do thailte portaigh agus de bhogaigh a chur siar trí úsáid a bhaint as na roghanna a leagtar síos i Rialachán Phleananna Straitéiseacha CBT. Ina theannta sin, uaireanta níor bhain na Ballstáit leas iomlán as na dálaí maithe talmhaíochta agus comhshaoil. Is minic nach mbíonn athrú ar chleachtais atá ann cheana mar thoradh ar na héiciscéimeanna deonacha agus ar na bearta forbartha tuaithe. Ar an iomlán, léiríonn ár n-anailís nach léiríonn na Pleananna deiridh méadú suntasach ar an uaillmhian ghlas i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin (míreanna ***36***-***45***).

**87** Cé go bhfuil roinnt príomhchleachtas sna Pleananna atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhadtéarmacha aeráide agus chomhshaoil, níl roinnt príomhchleachtas eile san áireamh go leordhóthanach sna ceithre Phlean inár sampla (míreanna ***65***-***72***).

**88** Na bearta a thug an Coimisiún isteach le déanaí mar fhreagairt ar iarrataí ó fheirmeoirí, déanann siad difear do thionchar iarbhír na bPleananna ar an aeráid agus ar an gcomhshaol agus braitheann sé freisin ar a mhéid a bhaineann feirmeoirí leas as scéimeanna deonacha (míreanna ***42***-***47***).

## Moladh 1– Malartuithe dea-chleachtais 'ghlasa' a chur chun cinn sna Pleananna

Chun an úsáid a bhaintear astu sna Pleananna a leathnú, ba cheart don Choimisiún malartuithe dea-chleachtais a chur chun cinn in éiciscéimeanna, chomh maith le cleachtais agus cuir chuige thábhachtacha chun dul i ngleic ar bhealach níos fearr le dúshláin fhadtéarmacha aeráide agus chomhshaoil.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2025**

**89** In ainneoin a thábhachtaí atá an Comhaontú Glas don Choimisiún, fuaireamar nach bhfuil na Pleananna ailínithe go maith le cuspóirí agus spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais. Comhthacaíonn sé sin le tuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir le hailíniú neamhleor idir CBT agus an Comhaontú Glas. Tagraítear i Rialachán na bPleananna Straitéiseacha CBT do roinnt cuspóirí de chuid an Chomhaontaithe Ghlais, ach ní áirítear ann spriocanna sonracha atá le baint amach faoi CBT (míreanna ***49***-***51***).

**90** Ina theannta sin, ní chuireann an Rialachán de cheangal ar na Ballstáit spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais ná ranníocaíochtaí measta CBT ina leith a áireamh ina bPleananna. Cé is moite de roinnt eisceachtaí, níor sholáthair na Ballstáit spriocanna ná meastacháin ar leibhéal na bPleananna, go pointe áirithe mar gheall ar easpa sainmhínithe agus modheolaíochtaí coiteanna (míreanna ***52***-***53***). Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún – cé is moite den mhéadú ar thalamh a shaothraítear go horgánach – méid rannchuidiú na bPleananna le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais a thomhas. Léiríonn ár n-anailís go bhfuil baint amach na spriocanna sin ag brath den chuid is mó ar ghníomhaíochtaí lasmuigh de CBT (míreanna ***54***-***64***).

## Moladh 2 – Rannchuidiú CBT le spriocanna comhshaoil agus aeráide an Chomhaontaithe Ghlais a mheas

Ina thuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, atá le tíolacadh faoin 31 Nollaig 2025, maidir le rannchuidiú na bPleananna le gealltanais chomhshaoil agus aeráide an Aontais, ba cheart don Choimisiún meastacháin chainníochtaithe ar rannchuidiú na bPleananna le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais a chur san áireamh.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2025**

91 Gan sainmhíniú ar 'uaillmhian mhéadaithe', nó gan tacar de chritéir thrédhearcacha agus intomhaiste a úsáid, ní fhéadfadh an Coimisiún leibhéal na huaillmhéine comhshaoil agus aeráide sna Pleananna a léiriú, in ainneoin a mheasúnaithe cháilíochtúil fhairsing sula bhformheasfar na Pleananna (míreanna ***28***-***30***).

92 A mhéid a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, fuaireamar gur feabhas é an creat faireacháin nua le haghaidh spriocanna aeráide agus comhshaoil ó thaobh comhleanúnachais de, ach nach bhfuil na gnéithe is gá ann chun feidhmíocht a rianú go héifeachtach. Tá easpa soiléireachta sna cuspóirí sonracha, agus léirítear aschur i ndáiríre sna táscairí toraidh is coitianta. Tá táscairí toraidh tábhachtacha – ar táscairí iad a léiríonn ardtosaíochtaí na mBallstát nó a bhfuil gá leo don athbhreithniú ar fheidhmíocht – in easnamh i bPleananna áirithe, agus tá éagsúlacht mhór sna naisc le cuspóirí sonracha. Mar gheall ar na saincheisteanna sin a bhaineann le rianú feidhmíochta, tá sé dúshlánach a bhfuil bainte amach ag CBT le linn thréimhse 2023-2027 a léiriú (míreanna ***73***-***82***).

## Moladh 3 – An creat faireacháin don CBT a bheidh ann amach anseo a neartú don aeráid agus don chomhshaol

Agus a thogra le haghaidh CBT i ndiaidh 2027 á ullmhú aige, ba cheart don Choimisiún an gá, arna shainaithint sa tuarascáil, leis an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- measúnú a dhéanamh ar cé acu de spriocanna aeráide agus comhshaoil an Aontais a d’fhéadfaí a ionchorprú i spriocanna cainníochtaithe CBT, agus conas a d’fhéadfaí é sin a dhéanamh;
- soiléiriú a thabhairt ar an gcaoi a n-úsáidfear na spriocanna sin mar chritéir chun measúnú a dhéanamh ar dhoiciméid chlársceidealaithe CBT na mBallstát;
- táscairí toraidh a shainiú chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2027**

Is é Seomra I, faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an tuarascáil seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aige an 10 Iúil 2024.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*Uachtarán*

# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn I – GAECanna agus CRBanna – comhghaol idir tréimhsí

| | 2014-2020 | 2023-2027 |
|---|---|---|
| Ceanglais reachtúla bhainistíochta (CRBanna) | | |
| | CRBanna | SMRanna céanna + SMR 1 nua ar an Treoir Uisce agus SMR 8 ar úsáid lotnaidicídí - SMRanna maidir le sainaithint ainmhithe agus leas ainmhithe |
| Dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAECanna) | | |
| An t-athrú aeráide | Glasú. Ní thagann laghdú níos mó ná 5 % ar sciar na bhféarthailte buana i ndáil leis an limistéar talmhaíochta iomlán a dhearbhaigh feirmeoirí i gcomparáid le cóimheas tagartha in 2015 | GAEC 1. Ní thagann laghdú níos mó ná 5 % ar sciar na bhféarthailte buana i ndáil leis an limistéar talmhaíochta iomlán ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, foréigiúnach, grúpa gabháltas nó gabháltas i gcomparáid leis an gcóimheas in 2018 |
| | | GAEC 2. Cosaint na mbogach agus na bportach |
| | GAEC 6. Ábhar orgánach na hithreach a choinneáil mar atá, lena n-áirítear toirmeasc a chur a choinleach arúil a loscadh | GAEC 3. Cosc ar choinleach arúil a loscadh |
| Uisce agus ithir | GAEC 1. Stiallacha maoláin a chur feadh uiscebhealaí | GAEC 4. Stiallacha maoláin a chur feadh uiscebhealaí |
| | GAEC 2. Próisis údaraithe maidir le huisce a úsáid le haghaidh uisciúcháin. | Leabaithe i CRB 1 nua |
| | GAEC 3. Screamhuisce a chosaint ar thruailliú | Leabaithe i CRB 1 nua |
| | GAEC 4. Clúdach ithreach | GAEC 6. Clúdach íosta ithreach ionas nach mbeidh ithir lom ann le linn na dtréimhsí is íogaire |
| | GAEC 5. Bainistiú talún chun creimeadh a theorannú | GAEC 5. Bainistiú curaíochta, an baol díghrádaithe ithreach agus creimthe ithreach a laghdú, lena n-áirítear aird a thabhairt ar an bhfána |
| | Glasú. Éagsúlú barr (os cionn 10 heicteár agus i gcás ina bhfuil níos lú ná 75 % cumhdaithe ag féar) | GAEC 7. Uainíocht barr ar thalamh arúil |
| Bithéagsúlacht | Glasú. 5 % de na Limistéir ina nDírítear ar an Éiceolaíocht (EFAnna) ar thalamh arúil (os cionn 15 heicteár agus i gcás ina mbeidh níos lú ná 75 % cumhdaithe le féar) | GAEC 8.1. 4 % de na limistéir atá dírithe ar ghnéithe neamhtháirgiúla (os cionn 10 heicteár agus i gcás ina bhfuil níos lú ná 75 % clúdaithe le féar). Roghanna chun 3 % a roghnú trí limistéir tháirgiúla suas le 7 % san iomlán a chur san áireamh |
| | GAEC 7. Gnéithe tírdhreacha a choinneáil, cosc ar fhálta agus crainn a ghearradh le linn shéasúr pórúcháin agus tógála na n-éan, bearta chun speicis phlandaí ionracha a sheachaint (roghnach) | GAEC 8.2. Gnéithe tírdhreacha a choinneáil, cosc ar fhálta agus crainn a ghearradh le linn shéasúr pórúcháin agus tógála na n-éan, bearta chun speicis phlandaí ionracha a sheachaint (roghnach) |
| | Glasú. Cosc ar fhéarthailte buana a thiontú nó a threabhadh atá suite i limistéir atá ainmnithe mar limistéir atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de ag na Ballstáit in Natura 2000, agus i gcás inarb infheidhme maidir le limistéir atá lasmuigh de Natura 2000 | GAEC 9. Cosc ar fhéarthailte buana atá ainmnithe mar fhéarthailte buana íogaire comhshaoil i láithreacha Natura 2000 a athrú nó a threabhadh |

*Foinse:* CIE. Cur i láthair bunaithe ar Guyomard H. et al., Conas a d'fhéadfadh Ollstruchtúr Glas Chomhbheartas Talmhaíochta 2023-2027 a bheith níos glaise (2023).

## Iarscríbhinn II – Na príomhathruithe ar cheanglais GAEC le haghaidh na gceithre Phlean inár sampla

| GAEC | Éire | An Spáinn | An Fhrainc | An Pholainn |
|---|---|---|---|---|
| GAEC 1. Cóimheas na bhféarthailte buana | Baineann sé seo freisin le feirmeoirí beaga agus orgánacha. Rialacha feabhsaithe maidir le réamhúdarú agus smachtbhannaí | Cóimheas a shocrú ar an leibhéal réigiúnach (náisiúnta roimhe seo). Údarú nuair atá an laghdú idir 4 % agus 5 % (idir 4.5 % agus 5 % roimhe seo). Baineann sé seo freisin le feirmeoirí beaga agus orgánacha | An gá le húdarú nuair atá an laghdú idir 2 % agus 5 % (idir 2.5 % agus 5 % roimhe seo). Baineann sé seo freisin le feirmeoirí beaga agus orgánacha | Baineann sé seo freisin le feirmeoirí beaga agus orgánacha |
| GAEC 2. Cosaint do thailte portaigh agus do bhogaigh | Ag tosú in 2025. Coinníollacha le socrú | Ag tosú in 2024. Toirmeasc ar dhraenáil, ar athrú go talamh arúil agus ar fhéarthailte buana a threabhadh. Ar thalamh arúil, is curaíocht dhromchlach amháin a cheadaítear | Ag tosú in 2025. Coinníollacha le socrú | Ag tosú in 2025. Coinníollacha le socrú |
| GAEC 3. Cosc ar choinleach arúil a loscadh | Gan aon athruithe móra | Gan aon athruithe móra | Gan aon athruithe móra | Gan aon athruithe móra |
| GAEC 4. Stiallacha maoláin feadh uiscebhealaí | Leithead méadaithe ó 2 go 3, 4 nó 6 m | Tháinig méadú ar an leithead i roinnt réigiún (5 mhéadar ar a laghad) agus le clúdach le féar. Tá roinnt bealaí uiscithe nach bhfuil clúdaithe san áireamh | Leithead coinnithe (5 mhéadar ar a laghad) ach le clúdach le féar. Roinnt bealaí uiscithe san áireamh | Tá an crios maolánach 3 m agus tá feidhm aige anois maidir le gach leasachán agus táirge cosanta plandaí |
| GAEC 5. Bainistiú curaíochta | Cuirtear isteach dáileachtaí féarthalún ag a bhfuil fána os cionn 20 %.<br><br>Tá GAEC níos sonraí ó thaobh ama de | Méadaítear an limistéar (téann an fhána is infheidhme ó 15 % go 10 %) | Gan athrú | Méadaítear an limistéar (téann an fhána is infheidhme ó 36 % go 14 %) |

| GAEC | Éire | An Spáinn | An Fhrainc | An Pholainn |
|---|---|---|---|---|
| GAEC 6. Clúdach ithreach | Tá GAEC níos sonraí ó thaobh ama de agus cuimsítear forálacha ann a bhíodh faoi GAEC eile in 2014-2020 (bainistiú íosta talún) | Ní cheadaítear saothrú ingearach, agus cuirtear srian le tréimhse ithreach lom | Tá oibleagáid i bhfeidhm anois freisin maidir le limistéir lasmuigh de Limistéir Leochaileacha ó thaobh Níotráite de | Is é 80 % (30 % roimhe seo) an t-achar íosta ithreach atá le clúdach. Clúdaíonn sé an tír ar fad anois |
| GAEC 7. Uainíocht barr | Uainíocht barr an phríomhbhairr ar leibhéal dáileachta gach ceathrú bliain in éineacht le héagsúlú barr | Uainíocht ar leibhéal na dáileachta gach 4 bliana ar a laghad nó barr tánaisteach gach bliain. Críochnaithe le héagsúlú níos déine | Ar leibhéal gabháltais, 35 % den uainíocht bhliantúil nó de bharra tánaisteacha gach bliain; ar leibhéal na dáileachta, déantar uainíocht ar an bpríomhbharr thar 4 bliana nó ar bharra tánaisteacha gach bliain | Déanfar uainíocht ar 40 % ar a laghad den talamh arúil ar an ngabháltas gach bliain. Níor cheart an príomhbharr céanna a bheith ar an dáileacht ar feadh níos mó ná 3 bliana. Comhlánaíonn an t-éagsúlú an uainíocht agus tá sé níos déine |
| GAEC 8. Limistéir bhithéagsúlachta | Arna leathnú go feirmeoirí orgánacha. Déantar foráil do rogha na n-eilimintí neamhtháirgiúla amháin. Tá feidhm aige freisin maidir le féarthailte buana | Arna leathnú go feirmeoirí orgánacha. Déantar foráil maidir le heilimintí neamhtháirgiúla nó meascán d'eilimintí neamhtháirgiúla agus táirgiúla a roghnú | Arna leathnú go feirmeoirí orgánacha. Déantar foráil maidir le heilimintí neamhtháirgiúla nó meascán d'eilimintí neamhtháirgiúla agus táirgiúla a roghnú | Arna leathnú go feirmeoirí orgánacha. Déantar foráil maidir le heilimintí neamhtháirgiúla nó meascán d'eilimintí neamhtháirgiúla agus táirgiúla a roghnú |
| GAEC 9. Féarthailte buana íogaire | Gan aon athruithe móra | Gan aon athruithe móra | Méaduithe ar an limistéar faoi chosaint | Méaduithe ar an limistéar faoi chosaint |

*Foinse:* CIE.

## Iarscríbhinn III – Forléargas ar an obair iniúchóireachta a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa roimhe seo

Tuarascáil bhliantúil 2014 – Caibidil 3 – Torthaí a fháil ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh

Tuarascáil Speisialta 21/2017: Glasú

Tuarascáil speisialta 33/2018: Gaineamhlú a chomhrac san Aontas Eorpach

Tuairim 07/2018: Tuairim i dtaca leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialacháin a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta don tréimhse i ndiaidh 2020

Tuarascáil ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais ag deireadh 2019 – Caibidil 4

Tuarascáil speisialta 18/2019: Astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais Eorpaigh

Athbhreithniú 01/2020: Caiteachas ar ghníomhú ar son na haeráide

Tuarascáil speisialta 05/2020: Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí

Tuarascáil speisialta 13/2020: Bithéagsúlacht ar thalamh feirme

Tuarascáil speisialta 16/2021: An t-athrú aeráide agus talmhaíocht

Tuarascáil speisialta 20/2021: Úsáid inbhuanaithe uisce sa talmhaíocht

Tuarascáil Speisialta 09/2022: Príomhshruthú aeráide

Tuarascáil Speisialta 18/2023: Spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais

Tuarascáil speisialta 19/2023: Iarrachtaí an Aontais chun an ithir a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe

Tuarascáil speisialta 19/2024: Feirmeoireacht orgánach san Aontas

## Iarscríbhinn IV – Luachanna náisiúnta le haghaidh spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais agus rannchuidiú measta na bPleananna leis na spriocanna sin a áireamh sna Pleananna

| | Feirmeoireacht orgánach | Caillteanais cothaitheach | Lotnaidicídí | Gnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta | GCT (talmhaíocht) |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bheilg (FL) | P | – | – | – | – |
| An Bheilg (WA) | LN & P | – | – | – | LN |
| An Bhulgáir | LN & P | – | – | – | – |
| An tSeicia | P | – | – | – | – |
| An Danmhairg | LN & P | – | – | – | LN |
| An Ghearmáin | LN & P | – | – | – | LN |
| An Eastóin | P | – | – | – | – |
| Éire | LN & P | LN | – | LN | LN & P |
| An Ghréig | P | – | – | – | – |
| An Spáinn | LN & P | – | – | – | LN |
| An Fhrainc | LN & P | P | LN | – | P |
| An Chróit | LN & P | – | – | – | – |
| An Iodáil | LN & P | – | – | – | – |
| An Chipir | LN & P | – | – | – | – |
| An Laitvia | LN & P | – | P | – | – |
| An Liotuáin | LN & P | – | – | LN | – |
| Lucsamburg | LN & P | – | LN | – | LN |
| An Ungáir | LN & P | – | – | – | – |
| Málta | LN & P | LN | LN | LN | – |
| An Ísiltír | P | – | – | – | – |
| An Ostair | LN & P | – | – | LN | – |
| An Pholainn | LN & P | – | LN | LN | – |
| An Phortaingéil | P | – | – | – | – |
| An Rómáin | P | – | – | – | – |
| An tSlóivéin | LN & P | – | – | – | LN |
| An tSlóvaic | LN & P | – | LN | LN | – |
| An Fhionlainn | LN & P | – | – | – | – |
| An tSualainn | LN & P | – | – | – | – |

*Nóta:* Ciallaíonn 'LN' go n-áirítear sa Phlean CBT luach náisiúnta le haghaidh sprioc de chuid an Chomhaontaithe Ghlais. Ciallaíonn 'P' go n-áirítear sa Phlean CBT an rannchuidiú a mheastar a dhéanfadh sé le sprioc de chuid an Chomhaontaithe Ghlais. Ciallaíonn '–' nach n-áirítear sa Phlean CBT luach náisiúnta ná rannchuidiú measta an Phlean le sprioc de chuid an Chomhaontaithe Ghlais.

*Foinse:* pleananna straitéiseacha náisiúnta CBT.

## Iarscríbhinn V – Spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais agus táscairí toraidh gaolmhara

| Spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais a bhaineann le hearnáil na talmhaíochta | Táscairí toraidh | Nasc chuig sprioc de chuid an Chomhaontaithe Ghlais |
|---|---|---|
| 25 % den limistéar talmhaíochta a bhaint amach faoin bhfeirmeoireacht orgánach faoi 2030 | R.29 – An talmhaíocht orgánach a fhorbairt: an sciar den limistéar a fhaigheann tacaíocht ó CBT le haghaidh feirmeoireacht orgánach | Nasc díreach, de réir an Choimisiúin |
| Caillteanas cothaitheach a laghdú 50 % ar a laghad in 2030 | R.22 – Bainistiú inbhuanaithe cothaitheach: an sciar den limistéar atá faoi ghealltanais | Bainteach, de réir an Choimisiúin |
| Úsáid agus riosca lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú 50 % faoi 2030<br><br>Úsáid lotnaidicídí ardriosca a laghdú 50 % | R.24 – Úsáid inbhuanaithe agus laghdaithe lotnaidicídí: an sciar den limistéar atá faoi ghealltanais | Bainteach, de réir an Choimisiúin |
| Talamh a mhéadú le haghaidh na bithéagsúlachta, lena n-áirítear an limistéar talmhaíochta faoi ghnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta | R.34 – Gnéithe tírdhreacha a chaomhnú: sciar den limistéar atá faoi ghealltanais | Bainteach, de réir an Choimisiúin |
| Rannchuidiú leis an laghdú 55 % ar astaíochtaí GCT | R.13 – Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in earnáil an bheostoic: sciar na n-aonad beostoic faoi ghealltanais<br><br>R.14 – Stóráil carbóin in ithir agus i mbithmhais: sciar den limistéar faoi ghealltanais | Is féidir leis a bheith bainteach, de réir CIE |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar dhoiciméad oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal 'Anailís ar na naisc idir Athchóiriú CBT agus an Comhaontú Glas' agus é forbartha tuilleadh.

# Iarscríbhinn VI – Tuairisciú ar na táscairí toraidh

| Tagairt don táscaire toraidh | Tuairisc an táscaire toraidh | Ábhartha le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta | Croítháscairí feidhmíochta an Aontais Eorpaigh |
|---|---|---|---|
| **R.12** | **Oiriúnú don athrú aeráide:** An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) atá faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht chun an t-oiriúnú don athrú aeráide a fheabhsú | Níl | Níl |
| **R.13** | **Astaíochtaí a laghdú in earnáil an bheostoic:** An sciar de na haonaid bheostoic (LUanna) faoi ghealltanais a fhaigheann tacaíocht chun astaíochtaí gás ceaptha teasa agus/nó amóinia a laghdú, lena n-áirítear bainistiú aoiligh | Tá | Níl |
| **R.14** | **Stóráil carbóin in ithreacha agus i mbithmhais:** An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) atá faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht chun astaíochtaí a laghdú, nó chun stóráil carbóin a chothabháil nó a fheabhsú (lena n-áirítear féarthailte buana, barra buana a bhfuil clúdach buan glas acu, agus talamh talmhaíochta i mbogach agus talamh portaigh) | Tá | Tá |
| **R.15** | **Fuinneamh in-athnuaite ón talmhaíocht, ón bhforaoiseacht agus ó fhoinsí in-athnuaite eile:** Infheistíochtaí dá dtugtar tacaíocht in acmhainneacht táirgeachta fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh bithbhunaithe (in MW) | Níl | Níl |
| **R.16** | **Infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid:** An sciar de na feirmeacha a fhaigheann tacaíocht infheistíochta CBT chun rannchuidiú le maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite nó bithábhar | Níl | Níl |
| **R.17** | **Talamh foraoisithe:** Limistéar dá dtugtar tacaíocht ar mhaithe le foraoisiú, agrafhoraoiseacht agus athfhoraoisiú, lena n-áirítear miondealuithe | Tá | Tá |
| **R.18** | **Tacaíocht infheistíochta d'earnáil na foraoiseachta:** Infheistíocht iomlán chun feidhmíocht earnáil na foraoiseachta a fheabhsú | Níl | Níl |
| **R.19** | **Ithreacha a fheabhsú agus a chosaint:** An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) atá faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht a théann chun tairbhe don bhainistiú ithreach chun cáilíocht na hithreach agus an bithra a fheabhsú (amhail laghdú a dhéanamh ar churaíocht, ithirchlúdach le barra, uainíocht barr a áirítear le barra léagúmacha) | Tá | Tá |
| **R.20** | **Cáilíocht an aeir a fheabhsú:** An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) atá faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht chun astaíochtaí amóinia a laghdú | Tá | Tá |
| **R.21** | **Cáilíocht an uisce a chosaint:** An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) atá faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht do cháilíocht dobharlach | Tá | Tá |
| **R.22** | **Bainistiú inbhuanaithe ar chothaithigh:** An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) atá faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht a bhaineann le bainistiú níos fearr ar chothaithigh | Tá | Tá |
| **R.23** | **Úsáid inbhuanaithe uisce:** An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) atá faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht chun an chothromaíocht uisce a fheabhsú | Tá | Níl |

| Tagairt don táscaire toraidh | Tuairisc an táscaire toraidh | Ábhartha le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta | Croítháscairí feidhmíochta an Aontais Eorpaigh |
|---|---|---|---|
| **R.24** | **Úsáid inbhuanaithe agus laghdaithe lotnaidicídí:** An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) atá faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht a chuireann le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí chun rioscaí agus tionchair a bhaineann le húsáid lotnaidicídí amhail sceitheadh lotnaidicídí a laghdú | Tá | Tá |
| **R.25** | **Feidhmíocht chomhshaoil in earnáil an bheostoic:** An sciar de na haonaid bheostoic (LUanna) faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht chun inbhuanaitheacht chomhshaoil a fheabhsú | Níl | Níl |
| **R.26** | **Infheistíochtaí a bhaineann le hacmhainní nádúrtha:** An sciar de na feirmeacha a fhaigheann tacaíocht infheistíochta táirgiúla agus neamhtháirgiúla CBT a bhaineann le cúram d'acmhainní nádúrtha | Níl | Níl |
| **R.27** | **Feidhmíocht a bhaineann leis an gcomhshaol nó an aeráid tríd an infheistíocht i gceantair thuaithe:** An líon oibríochtaí lena rannchuidítear le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus le gnóthú cuspóirí maidir leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú don athrú aeráide i gceantair thuaithe | Níl | Níl |
| **R.28** | **Feidhmíocht chomhshaoil nó aeráide tríd an eolas agus an nuálaíocht:** An líon daoine a fhaigheann comhairle, oiliúint agus malartú eolais nó atá rannpháirteach i ngrúpaí oibríochtúla na Comhpháirtíochta Eorpaí Nuálaíochta (CEN) dá dtugtar tacaíocht CAP a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil nó aeráide | Níl | Níl |
| **R.29** | **Forbairt na talmhaíochta orgánaí:** An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) dá dtugtar tacaíocht CBT le haghaidh talmhaíocht orgánach, le deighilt idir cothabháil agus athrú | Tá | Tá |
| **R.30** | **Tacaíocht maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí:** An sciar den talamh foraoise atá faoi ghealltanais chun tacú le cosaint foraoisí agus bainistiú seirbhísí éiceachórais | Tá | Níl |
| **R.31** | **Gnáthóga agus speicis a chaomhnú:** An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) atá faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht chun tacú le caomhnú nó athchóiriú na bithéagsúlachta lena n-áirítear cleachtais feirmeoireachta a bhfuil ardluach ó thaobh an dúlra ag baint leo | Tá | Níl |
| **R.32** | **Infheistíochtaí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht:** An sciar de na feirmeacha a fhaigheann tacaíocht infheistíochta CBT chun rannchuidiú leis an mbithéagsúlacht | Níl | Níl |
| **R.33** | **Bainistíocht Natura 2000 a fheabhsú:** An sciar de limistéar iomlán Natura 2000 atá faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht | Níl | Níl |
| **R.34** | **Gnéithe tírdhreacha a chaomhnú:** An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) atá faoi ghealltanais dá dtugtar tacaíocht chun gnéithe tírdhreacha a bhainistiú, lena n-airítear fálta sceach agus crainn | Tá | Tá |
| **R.35** | **Coirceoga beach a chaomhnú:** An sciar de choirceoga beach a fhaigheann tacaíocht ó CBT | Níl | Níl |

*Foinse:* Iarscríbhinní I agus XIV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115.

# Giorrúcháin

**AS AGRI:** Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe

**AS CLIMA:** An Ardstiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide

**AS ENV:** Ardstiúrthóireacht an Chomhshaoil

**CBT:** An comhbheartas talmhaíochta

**CERT:** An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta

**CETFT:** An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

**CRB:** Ceanglas reachtúil bainistíochta

**CSP:** Plean straitéiseach CBT

**EEA:** An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil

**GAEC:** Dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil

**GCT:** Gás ceaptha teasa

# Gluais

**An agrafhoraoiseacht:** An cleachtas a bhaineann le barra, crainn agus/nó beostoc a bheith le chéile sa limistéar céanna talún.

**An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe:** Ciste de chuid an Aontais chun rannchuidiú an Aontais le cláir forbartha tuaithe a mhaoiniú.

**An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta:** Ciste de chuid an Aontais chun íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí a mhaoiniú, mar aon le bearta trína rialaítear na margaí talmhaíochta nó a thacaíonn le margaí talmhaíochta.

**An Comhaontú Glas don Eoraip:** Straitéis fáis an Aontais a glacadh in 2019, arb é is aidhm di aeráidneodracht a bhaint amach don Aontas faoi 2050.

**An Comhbheartas Talmhaíochta:** Beartas aonair aontaithe an Aontais Eorpaigh ar an talmhaíocht, atá comhdhéanta d'fóirdheontais agus raon de bhearta eile chun slándáil an tsoláthair bia a ráthú, chun caighdeán cóir maireachtála a áirithiú d'fheirmeoirí an Aontais, chun forbairt tuaithe a chur chun cinn agus chun an comhshaol a chosaint.

**Barr breise:** Barr tánaisteach a fhásann go tapa agus a chuirtear tar éis príomhbharr a bhaint agus a bheidh fásta sula mbeidh príomhbharr eile le cur.

**Beart agra-chomhshaoil-aeráide:** Aon cheann de thacar de chleachtais roghnacha a théann níos faide ná na gnáthcheanglais chomhshaoil agus a thugann teideal d'fheirmeoirí ar íocaíocht as buiséad an Aontais Eorpaigh.

**Bith-dhíghrádú anaeróbach:** Próiseas ina mbriseann miocrorgánachaigh síos dramhaíl ó ainmhithe nó bia in éagmais ocsaigine, chun gás agus leasachán a dhéanamh.

**Bithéagsúlacht:** Éagsúlacht d'orgánaigh bheo laistigh de speiceas, idir speicis, agus idir éiceachórais a fhaightear i dtimpeallacht áirithe.

**Bogach:** Talamh atá clúdaithe le huisce ar feadh na bliana ar fad nó ar feadh cuid den bhliain.

**Caiteachas leithdháilte:** Caiteachas an Aontais a leithdháiltear do Bhallstáit aonair mar chuid den phróiseas buiséadach.

**Ceanglas reachtúil bainistíochta:** Riail de chuid an Aontais nó riail náisiúnta maidir le bainistiú talún feirme chun sláinte phoiblí, ainmhithe agus plandaí a choimirciú, chomh maith le leas ainmhithe agus an comhshaol.

**Coibhéis CO2:** Tomhas inchomparáide de thionchar na n-astaíochtaí ó gháis ceaptha teasa ar an aeráid, a léirítear mar mhéid na dé-ocsaíde carbóin a tháirgfeadh an tionchar céanna.

**Coinníollacht fheabhsaithe:** Córas faoina bhfuil íocaíochtaí le feirmeoirí ag brath ar an úsáid a bhaineann siad as cleachtais a théann chun tairbhe na haeráide agus an chomhshaoil, agus a chuireann leas ainmhithe agus sábháilteacht bia chun cinn. Tagann sé in ionad glasú agus tras-chomhlíonadh sa Chomhbheartas Talmhaíochta ó 2023 ar aghaidh.

**Coinníollacht:** Córas a chuirtear in ionad tras-chomhlíonadh agus glasú in CBT i ndiaidh 2020 chun cleachtais feirmeoireachta a chur chun cinn, a théann chun tairbhe na haeráide agus an chomhshaoil, agus a chuireann leas ainmhithe agus sábháilteacht bia chun cinn.

**Coscaire nítriúcháin:** Ceimiceán a laghdaíonn astaíochtaí ocsaíde nítriúla.

**Creat feidhmíochta:** Garspriocanna agus spriocanna arna sainiú le haghaidh tacar de tháscairí maidir le gach ais tosaíochta de chlár oibríochtúil (seachas i gcás cúnamh teicniúil).

**Dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil:** Riocht ina gcaithfidh feirmeoirí an talamh talmhaíochta go léir a choinneáil, go háirithe talamh nach n-úsáidtear le haghaidh táirgeachta faoi láthair, chun íocaíochtaí áirithe a fháil faoi CBT. Áirítear saincheisteanna amhail bainistiú uisce agus ithreach leis sin.

**Éiciscéim:** Scéim íocaíochta dírí, a tugadh isteach i dtograí don Chomhbheartas Talmhaíochta i ndiaidh 2020, chun feirmeoirí atá tiomanta do chleachtais talmhaíochta neamhdhíobhálacha don aeráid agus don chomhshaol a mhaoiniú.

**Féarthalamh buan:** Talamh talmhaíochta ina bhfástar féar agus barra foráiste luibhigh eile ar feadh tréimhse is mó ná cúig bliana i ndiaidh a chéile.

**Feirmeoireacht orgánach:** Cur chuige talmhaíochta bunaithe ar úsáid substaintí agus próiseas nádúrtha chun bia agus beatha a tháirgeadh.

**Fosú nítrigine:** Próiseas trína ndéanann barra nítrigin san aer a thiontú go hamóinia nó comhdhúile nítrigine gaolmhara san ithir.

**Glasú:** Cleachtais talmhaíochta a théann chun tairbhe don aeráid agus don chomhshaol a ghlacadh. Úsáidtear é seo go minic freisin chun tagairt a dhéanamh don scéim tacaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis na cleachtais sin.

**Gné thírdhreacha:** Fásra nádúrtha nó breacnádúrtha ar thalamh talmhaíochta a sholáthraíonn seirbhísí éiceachórais agus a chuireann leis an mbithéagsúlacht.

**Innéacs na n-éan ar thalamh feirme:** Táscaire ar athruithe ar líon agus speiceas na n-éan ar thalamh feirme le himeacht ama.

**Limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht:** Talamh arúil atá curtha i leataobh le haghaidh cleachtais agus gnéithe talmhaíochta a fheabhsaíonn bithéagsúlacht ar fheirmeacha, mar chuid d’incháilitheacht le haghaidh íocaíochtaí glasúcháin.

**Limistéar talmhaíochta a úsáidtear:** An t-achar iomlán de thalamh feirme atá comhdhéanta de thalamh arúil, d’fhéarthailte buana, de bharra buana agus de ghairdíní tí.

**Linn charbóin:** Foraois, aigéan, nó timpeallacht nádúrtha eile a ionsúnn dé-ocsaíd charbóin ón atmaisféar agus a choimeádann í.

**Maolú ar an athrú aeráide:** Astaíocht gáis cheaptha teasa a laghdú nó a theorannú mar gheall ar an éifeacht atá acu ar an aeráid.

**Natura 2000:** Líonra de limistéir chaomhantais le haghaidh speicis neamhchoitianta agus speicis i mbaol, agus le haghaidh roinnt cineálacha gnáthóg nádúrtha atá neamhchoitianta agus cosanta faoi dhlí an Aontais.

**Oiriúnú don athrú aeráide:** A shoghonta don athrú aeráide atá tíortha agus pobail a laghdú trína gcumas chun déileáil lena thionchair a mhéadú.

**Plean straitéiseach CBT:** Doiciméad a dhréachtaíonn Ballstát den Aontas faoin gComhbheartas Talmhaíochta i ndiaidh 2020, ina leagtar amach an chaoi a bhfuil sé i gceist ag an mBallstát sin a chuspóirí a bhaint amach laistigh de chuspóirí foriomlána an bheartais.

**Stiall mhaoláin:** Stráice de thalamh talmhaíochta a fhágtar faoi bhuanfhásra a chabhraíonn le fadhbanna comhshaoil a chur faoi smacht, amhail fadhbanna a bhaineann le cáilíocht na hithreach agus an uisce.

**Talamh portaigh:** Cineál bogaigh le ciseal tiubh d’ithir orgánach atá an-saibhir in ábhar orgánach.

**Táscaire toraidh:** Athróg intomhaiste a thugann faisnéis is féidir a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí láithreacha ar an spriocphobal a bheidh ag tionscadail a fuair tacaíocht.

**Tras-chomhlíonadh:** Sásra trína bhfuil íocaíochtaí le feirmeoirí ag brath ar cheanglais a bhaineann leis an gcomhshaol, sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe agus bainistiú talún a bheith comhlíonta acu.

# Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/SR-2024-20

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/SR-2024-20

# Foireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistíocht ó réimsí buiséadacha ar leith. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na cúraimí iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta I – Úsáid Inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, atá faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Nikolaos Milionis (Comhalta den Chúirt) agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Kristian Sniter (Ceann na hOifige Príobháidí), Matteo Tartaggia (Ataisé na hOifige Príobháidí), Florence Fornaroli (Príomhbhainisteoir), Xavier Ignasi Farrero (Ceann Cúraim), Rogelio Abarquero Grossi, Zuzana Gullová, Lenka Hill, Anna Zalega agus Daniela Jinaru (Iniúchóirí), agus Austin Maloney (Oiliúnaí). Thug Laura McMillan, Jennifer Schofield, Barbara Knapiak agus Tomasz Surdykowski tacaíocht teanga. Chuir Alexandra-Elena Mazilu tacaíocht ghrafach ar fáil.



*Ó chlé go deas:* Matteo Tartaggia, Nikolaos Milionis, Kristian Sniter, Florence Fornaroli, Laura McMillan, Xavier Ignasi Farrero, Anna Zalega, Zuzana Gullová, Tomasz Surdykowski, Barbara Knapiak.

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2024

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Fíor 8 – Deilbhíní: Dearadh an fíor seo trí acmhainní a úsáid ó Flaticon.com. © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus cóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN 978-92-849-2945-0 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/651222 | QJ-AB-24-020-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-2951-1 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/51585 | QJ-AB-24-020-GA-N |

**Is príomhréimse beartais de chuid an Aontais Eorpaigh é an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT), atá ag seasamh do 31 % (€387 mbilliún) de bhuiséad an Aontais. Is é is aidhm don CBT nua le haghaidh thréimhse 2023-2027 ná uaillmhian mhéadaithe chomhshaoil agus aeráide a bhaint amach. Is forbairt é ar na Pleananna atá sainithe ag gach aon Bhallstát.**

**Táimid tagtha ar an gconclúid go bhfuil na Pleananna níos glaise ná mar a bhí sa CBT roimhe seo, ach nach bhfuil siad ag teacht le huaillmhianta an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, agus go bhfuil na príomhghnéithe chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht ghlas in easnamh.**

**Bunaithe ar ár bhfionnachtana, molaimid gur cheart don Choimisiún malartuithe dea-chleachtais 'ghlasa' a chur chun cinn sna Pleananna, rannchuidiú CBT le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais a mheas agus an creat faireacháin don CBT a bheidh ann amach anseo a neartú don aeráid agus don chomhshaol.**

**Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.**

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors